



An tOmbudsman Pinsean
Pensions Ombudsman

Achoimriú Cásanna 2009





An tOmbudsman Pinsean
Pensions Ombudsman

Achoimriú Cásanna 2009

Ráiteas Misin

Is é an misean atá againn fiosrúchán agus cinneadh a dhéanamh, ar mhodh neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin agus ar dhíospóidí maidir le scéimeanna pinsean ceirde, le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) agus le Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais (“CBSanna Iontaobhais”), ina bhfuil míriarachán agus cailteanas airgid i gceist agus sásamh a ordú más cuí.

OIFIG AN OMBUDSMAN PINSEAN
36 SRÁID AN MHÓTA UACHTARACH
BAILE ÁTHA CLIATH 2
TEILEAFÓN (01) 647 1650
www.pensionsombudsman.ie

*Tá an foilseachán seo ar fáil
i bhformáid mhórchló ar iarratas*

ACHOIMRE NA gCÁSANNA

<u>Innéacs</u>	Leathanach
<i>Réamhrá</i>	2
1. <i>Fadhbanna Cumarsáide</i>	5
<i>(a) Iomlán na Fírinne?</i>	5
<i>(b) Chuir an riarthóir, bróicéir, faisnéis mhíchruinn ar fáil arís agus arís...</i>	6
2. <i>Theip ar Iontaobhaithe Scéime Pinsin Suim Aistrithe a chur i leith</i> <i>Shochair an Ghearánaí mar ba chóir</i>	7
3. <i>An tSeirbhís Phoiblí - Teip Ardú a Thabhairt ar Aghaidh</i>	8
4. <i>Comhalta ar Diúltaíodh Cead Isteach i Scéim RSB dó</i>	10
5. <i>Aonaid a Asbhaint maidir le Sochair Riosca</i>	11
6. <i>Oibrí Seisiúnach nár ligeadh isteach sa Scéim Phinsin</i>	12
7. <i>Treoracha Infheistíochta nár Cuireadh i bhFeidhm</i>	17
8. <i>Pinsean Easláinte a Dhiúltú – Cineadh a cuireadh ar ais chuig na hIontaobhaithe</i>	18
9. <i>CLM a chur i bhFeidhm; Faillí Líomhanta; Amhras faoi Luach Blianachta</i>	19
10. <i>Moill i gcás Aistrithe – Caillteanas Airgeadais</i>	21
11. <i>Éileamh ag Garda ar “Phinsean Speisialta” agus ar Shochair Eile</i>	24
12. <i>Blianta Gairmiúla Breise</i>	24
13. <i>Socrú Infheistíochta nár Cuireadh i bhFeidhm</i>	26
14. <i>An Ráta Malairte Euro/Punt agus Neamhóc Sochar</i>	27
15. <i>Rialtas Áitiúil – Níor tugadh Ragobair san Áireamh agus Pinsin á Ríomh</i>	28
16. <i>Dáileachán Sochar Báis-i-Seirbhís</i>	30
17. <i>Míriarachán Líomhanta le linn Phróisis Fhoirceannta</i>	31
18. <i>Mainneachtain Ardú Iarscoir 3% a Íoc</i>	32
19. <i>Mífhaisnéis maidir le bheith i dTeideal Athluachála</i>	32
20. <i>Gearánaí a bhí Míshásta i gCónaí ainneoin Coimisiún a Aisíoc</i>	33
21. CÁSANNA MAIDIR LE SCÉIMEANNA PINSIN OIBRITHE TÓGÁLA	
<i>(a) Ceisteanna SPOT</i>	34
<i>(b) Sochar Báis-i-Seirbhís Neamhíochta – Níor Seasadh leis an nGearán</i>	35
<i>(c) Rodalko Ltd</i>	36

RÉAMHRÁ

Ag leanacht den nós seanbhunaithe agam, tá an Achoimre Cásanna seo á fhoilsiú agam lena léamh in éineacht leis an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2009. Tá súil agam go mbíonn tairbhe as ag iontaobhaithe agus daoine eile a mbíonn baint acu leis an riarachán ar scéimeanna pinsin. Cé go mbíonn leas sonrach, chomh fada agus a bhaineann leis an ngearánaí féin, as sásamh a dheonú, imscrúdú a dhéanamh ar ábhar gearáin agus earráidí nó bearta míriaracháin a shonrú agus a chur ina gceart, is mó go mór an fiúntas a bhaineann leis más féidir ceachtanna a fhoghlaim, ionas go seachnaítear earráidí agus faillí na linne atá caite a dhéanamh arís san am atá romhainn.

Cuirtear cóip den Achoimre ar aghaidh chuig an gceannasaí ar na Ranna Rialtais ar fad, ar na hÚdaráis Áitiúla ar fad agus go dtí na comhlachtaí móra Stáit ar fad.

Chomh maith le léargas a thabhairt ar an obair a dhéantar san Oifig, tá súil agam go gcuideoidh an Achoimre le cur leis an tuiscint go ginearálta ar a mbaineann le scéimeanna pinsin gairme, CCSP agus CBS Iontaobhais.

Ní féidir plé san achoimre ach le sampla beag den líon mór cásanna a mbíonn déileáil agam leo gach bliain. Tá i gceist go mbeadh blas ar an réimse leathan ceisteanna a mbíonn orainn déileáil leo le fáil ó na cásanna a roghnaítear, idir an teip sa chumarsáid agus ceisteanna i bhfad níos casta ná sin. Is léiriú ar a chasta agus a bhíonn saol an imscrúdóra an gá a bhí le scrúdú a dhéanamh ar chomhthéacs Achta ón mbliain 1926.

Is é an gnáthnós agam dua a chaitheamh lena chinntiú nach mbíonn na páirtithe a bhaineann le gearán le haithint. Tá tábhacht leis an bpríobháideacht, le príobháideacht an duine aonair go háirithe, ach is fíor a rá chomh maith go bhféadfadh gnólachtaí a bheith le haithint a fhágáil go mbeadh faisnéis mar gheall ar ghnólacht ag an té nár chóir teacht aige ar an eolas sin. Maidir le hÚdaráis Phoiblí, ní iondúil gur féidir iad a fhágáil gan ainmniú más linn brí a bheith le baint as sonraí an cháis. Go ginearálta, ar choinníoll nach sáraítear cúrsaí rúndachta agus príobháideachta, bíonn m’Oifigse sásta na fíorais i gcás ar bith a phlé i bprionsabail nuair is ábhar spéise sin d’iontaobhaithe nó do dhaoine eile atá ag obair i réimse na bpinsean.

Táim ag imeacht i mbliana ón ngnáthnós sin agam i gcás amháin faoi leith agus an fostóir a bhaineann le hábhar á ainmniú agam mar gheall nach é amháin gur bhain deacrachtaí imscrúdúcháin do m’Oifigse leis an gcás ach gur cuireadh lena chastacht trí mhíriarachán tromchúiseach tar éis dom an Cinneadh Críochnaitheach a eisiúint.

Rinne mé tráchtadh mion go maith freisin ar chás oibrí a bhí fostaithe ag FSS ar bhonn “seisiúnach” agus ar ar lean - nó nár lean - ó mo Chinneadh sa chás sin.

Sula dtéim ar aghaidh chuig cásanna aonair, tá roinnt tuairimí ginearálta ar dóigh liom gur cheart dom iad a chur in iúl.

Ar an gcéad dul síos, tá de dheasca ann go bhfuil i bhfad níos mó eolais anois ag daoine faoi chúrsaí pinsin. Bhí ceacht gear le foghlaim, agus is daor a chuaigh sé do chuid mhaith é a fhoghlaim, ach is ceacht é atá foghlamtha go maith. Bíonn le sonrú anois ó chuid mhór de na haighneachtaí a chuirtear faoi bhráid m’Oifigse go bhfuil cuid mhaith eolais agus faisnéise faighte ag gearánaithe maidir leis na ceisteanna is ábhar buartha dóibh.

Ar an dara ní, áfach, chomh fada agus a bhaineann le comhaltaí scéime, ba mhian liom béim a leagan ar an tábhacht atá le mionsonraí i gcáipéisíocht scéime a sheiceáil. Bhí an dáta breithe contráilte á léiriú ar na Ráitis Bhliantúla Sochair ag gearánaí amháin ar feadh ceithre bliana as a chéile ach níor tugadh sin faoi deara go dtí go raibh imscrúdú ar bun maidir le gearán uaidh faoi mhí-áireamh ar a chuid sochar. Ba cheart go mbeadh sin tugtha faoi deara ag an gcomhalta féin agus aird riarthóir na scéime tarraingthe aige air.

Ar an tríú ní, ní hé an tOmbudsman Pinsean “urlabhraí” na ngearánaithe, is breithneoir neamhspleách atá ann. Ní mór deis cheart a thabhairt dóibh siúd a ndéantar gearán ina leith freagra a thabhairt agus plé le hábhar an ghearáin, agus is ar an gcúis sin atá oiread tábhachta le húsáid a bhaint as an bPróiseas maidir le Réiteach Inmheánach ar Aighnis. Is den riachtanas, nuair a chuirtear gearán i láthair, go mbíonn na cáipéisí uile a bhaineann le hábhar agus na fíorais iomlána ar fáil ag cách, agus ba cheart do na gearánaithe a léiriú gur tharla míriarachán agus caillteanas - seachas carnán cáipéisí nó líomhaintí doiléire nach bhfuil pinsean á íoc mar ba cheart.

Ar an gceathrú rud, tá teorainneacha ag baint leis an dlínse a thugtar dom. Ní leagtar aon fheidhm orm i ndáil le cumhachtaí lánroghnacha na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le scéimeanna pinsin a cheadú, ná lena gceadóidh nó nach gceadóidh na Coimisinéirí de réir a dtreorach agus a geleachtais féin. Sa chás go mbíonn comhalta scéime míshásta maidir le gné éigin d’obair na gCoimisinéirí Ioncaim, ar dóigh leis an gcomhalta é bheith éagóir air féin, níl aon ní is féidir liomsa a dhéanamh mar gheall air. B’fhéidir go bhféadfadh iontaobhaithe nó riarthóirí aighneacht a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim sa chás go meastar gurbh fhiú sin, ach níl aon fheidhm de chuid na hOifige seo ag baint leis an réimse sin. Ar an gcaoi chéanna, níl aon dlínse agam sa chás go ndearnadh cumhacht lánroghnach a oibriú mar is cóir. Ina ainneoin sin, is cinnte go bhfuil dlínse agam sa chás go gcuirtear laicis roimh ré ar chumhacht lánroghnach trí threoir nó gnás riaracháin. Ní neamhchoitianta a leithéid maidir le scéimeanna san earnáil phoiblí nuair a bhíonn cumhacht lánroghnach dílsithe san Aire a bhaineann le hábhar ach socruithe AD go réigiúnach nó go náisiúnta ag beartú teacht roimh chinneadh de chuid an Aire trí aicmí

oibríthe a chur as an áireamh roimh ré, sa chaoi agus nach dtagann sonraí chásanna faoi leith faoi mheas an Aire.

Ar an gcúigiú ní, tagaim trasna ar chásanna lena mbaineann míriarachán den chineál is uafásaí ach nach dtarlaíonn aon chaillteanas maidir le sochar scéime. Ionas go bhféadaimse sásamh a dheonú, ní foláir caillteanas airgeadais a bheith i gceist. Ina ainneoin sin, is féidir le riarthóirí scéimeanna pinsin anois féachaint le bheith ina Riarthóirí Cláráithe ag an mBord Pinsean faoi théarmaí Acht na bPinsean 1990. Dá réir sin, nuair a bhím ar an eolas faoi chásanna ina dtarlaíonn míriarachán tromchúiseach, fiú sa chás nach dtarlaíonn caillteanas maidir le sochar scéime, tabharfaidh mé tuairisc ar chásanna den sórt sin don Bhord Pinsean mar chabhair leis an monatóireacht ar Riarthóirí Cláráithe.

Mar fhocal scoir, is réimse atá ag teacht chun cinn go mór san Oifig seo an réimse maidir le fadhbanna a eascraíonn ó cheangal idir pósadh titim ó chéile agus cúrsaí pinsin. Tá méadú ag teacht ar líon na ngearán a eascraíonn ó Orduithe Coigeartúcháin Pinsin (OCP). Bíonn orduithe dréachtaithe go dona, ní dhéantar a seirbheáil ar iontaobhaithe nó bíonn doiléire ag baint leo maidir lena gcur i bhfeidhm. Bhí cás amháin a bhain leis an Earnáil Phoiblí, inar luadh pinsin go ginearálta san Fhoraithe Colscartha, ach ní raibh aon tagairt san OCP ach amháin don scéim do Chéilí agus do Leanaí - an rud a bhí de rún a dhéanamh. Ina ainneoin sin, cuireadh an dá Ordú ar fáil do na hiontaobhaithe agus dhiúltaigh siadsan na sochair ba chóir a íoc leis an gcomhalta go dtí go ndéanfainnse soiléiriú ar an gceist. Bíonn meascán mearaí ag baint le scéimeanna seirbhíse poiblí ar aon chuma, agus sa chás go mbíonn scéim RSB ag gabháil in éineacht leis an bpríomhscéim, d'fhéadfadh go mbeadh suas le sé OCP de dhíth chun déileáil go leordhóthanach leis na sochair go léir.



**An tOmbudsman Pinsean
Meán Fómhair, 2010**

ACHOIMRE CÁSANNA 2009

1. *Fadhbanna Cumarsáide*

(a) Iomlán na Fírinne?

Tá ar a laghad droch-chumarsáid le sonrú ar an gcás seo. Bhí a cuid coigiltis CSDC aistrithe ag an ngearánaí isteach in gCuntas Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) agus teoracha soiléire fágtha aici i scríbhinn faoin modh ina raibh infheistíocht le déanamh ar na cistí sin. Bhí tic curtha sa bhosca cuí aici fiú amháin! Ina ainneoin sin, mar gheall ar earráid riaracháin, cuireadh na cistí isteach sa rogha réamhshocraithe. Ní atá le moladh, thug an comhlacht atá i gceist an earráid sin faoi deara tamall ina dhiaidh sin agus rinne siad caidreamh leis an infheisteoir. Ina dhiaidh sin féin, in ionad scríobh chuici agus a rá gur tugadh an earráid faoi deara agus go raibh an cas curtha ina cheart gan caillteanas ar bith i gceist don infheisteoir, caitheadh an chéad alt i litir an chomhlachta le moladh a dhéanamh ar an rogha réamhshocraithe, go háirithe an tairbhe a bhain le haistriú uathoibríoch ar chistí go dtí cistí urrúis nuair a bhítear ag teannadh le ham scoir. Ní fada a bhí 30 bliain slánaithe ag an infheisteoir!

Leanadh ar aghaidh ina dhiaidh sin sa litir gur dúradh go raibh athbhreithniú déanta ag an gcomhlacht ar a gcuid taifead agus gur tugadh faoi deara go raibh cistí eile pléite ag an infheisteoir le linn plé ar an gcaoi a ndéanfaí infheistíocht ar na cistí SSIA a bhí á n-aistriú. Cé go raibh an ceart sa ráiteas sin go teicniúil, níor luadh ann gur roghnaigh an t-infheisteoir aon cheann amháin de na cistí sin go sonrath. Níorbh é sin amháin é. Leanadh ar aghaidh sa litir gur dúradh go dtiocfaí i ngleic leis an “mírér” sin go gcinnteofaí nach mbeadh aon chaillteanas i gceist don infheisteoir agus míníodh go rímhion agus ar bhealach teicniúil go maith conas a thiocfaí i ngleic leis an mírér.

Is é a thagann i gceist anseo go raibh an té seo chomh measctha faoin tráth seo, agus, níos tábhachtaí ná sin, gur cothaíodh easpa muiníne, agus go ndearna sí gearán foirmeálta le m’Oifigse. Idir an dá linn, bhí ríomh déanta ag an gcomhlacht ar na figiúirí agus an caillteanas beag go leor a tharla mar gheall ar an gcéad earráid curtha chun sochair chuntas an ghearánaí acu.

Tá an ceacht atá le baint as seo an-simplí. Dá mbeadh an comhlacht ionraic leis an gcustaiméir, dá ndéanfaí a ghéilleadh go hiomlán gur orthu a bhí an locht, admháil gur tharla an earráid, leithscéal a ghabháil, suim an chaillteanais a chur in iúl don chustaiméir agus sin a chur chun sochair an chuntais sin aicise, ní bheadh aon cheist le réiteach. Ina ionad sin, ní raibh de thoradh ar an míléiriú ar ar tharla, á chur i bhfriotal teicniúil nach

raibh gá leis, ach gur baineadh go hiomlán ó mhuinín an chustaiméara sa chomhlacht agus gur tugadh uirthi teacht i gcaidreamh le m'Oifigse. Ba é an deireadh a bhí ar an gcaoi ar chuir an comhlacht chuig an gceist ar an earráid a thabhairt faoi deara dóibh, nach é amháin gur chuir siad an custaiméir ina gcoinne féin ach go raibh acmhainní m'Oifigse, nach fairsing iad, in úsáid ag plé leis an gceist.

(b) Chuir an riarthóir, bróicéir, faisnéis mhíchruinn ar fáil arís agus arís eile don ghearánaí, rud a d'fhág gur theip ar an gcumarsáid agus gur tháinig an t-aigneas faoi bhráid OFPP

Tháinig deireadh le fostaíocht an ghearánaí i mí Eanáir 2007. Bhí fiosrú déanta aici i mí Aibreán 2006 le bróicéir scéim pinsin na cuideachta faoi cheisteanna i ndáil leis na ranníocaíochtaí lena ciste pinsin a bhí ina ábhar buartha aici. D'áitigh sise go raibh neamhréire idir na ranníocaíochtaí a baineadh as a cuid tuarastail agus na préimheanna a íocaíodh isteach ina ciste pinsin. Tar éis cuid mhaith comhfhreagrais idir an gearánaí agus an bróicéir, aontaíodh i mí na Nollag 2006 go raibh tearcíocaíocht thart ar €2,500 tarlaithe maidir le cistí an ghearánaí. Aontaíodh chomh maith go mbeadh an gearánaí i dteideal cúitimh de chineál éigin i ndáil leis an teacht isteach ó infheistíocht a bhí caillte aici mar gheall ar an tearcíocaíocht. D'iarr an gearánaí mionsonraí faoi thorthaí infheistíochta i rith thréimhse na tearcíocaíochta ar an mbróicéir. Nuair nach raibh sí sásta leis an leibhéal faisnéise a bhí sí a fháil ón mbróicéir, chuir an gearánaí an cheist faoi bhráid an Bhoird Pinsean. Chuir an bróicéir in iúl di tráth ba deireanaí ná sin go rabhthas tar éis earráid eile i ndáil lena cuid ranníocaíochtaí pinsin a thabhairt faoi deara. Tharla mí-áireamh ar sciar an fhostóra dá cuid ranníocaíochtaí agus d'fhág sin gannchion breise isteach agus amach le €650 i ndáil le ranníocaíochtaí an fhostóra. Thairg an bróicéir suim a íoc i ndáil leis an bhforás infheistíochta maidir leis an gcéad tearcíocaíocht, an tearcaíocaíocht ar ranníocaíochtaí an fhostóra agus an forás infheistíochta ina leith sin. D'fhreagair an gearánaí an bróicéir ag iarraidh breis eolais. Chuir an bróicéir in iúl di gur tairiscint chríochnaitheach a bhí ann agus mhol go ndéanfadh an gearánaí an cheist a chur faoi mo bhráidse.

Tar éis cuid mhór cáipéisíochta maidir leis an gcás a scrúdú, thug an t-imscrúdaitheoir sin agamsa faoi deara nach raibh an chumarsáid i scríbhinn ón ngearánaí chomh soiléir agus a d'fhéadfadh a bheith i gcónaí agus tá mé cinnte gur chuir sin leis an trioblóid. Ina ainneoin sin, is é an t-easpa soiléire agus leibhéal an mhíchruinnis sa chumarsáid ón mbróicéir leis an ngearánaí sa chás seo a bhí ina ábhar inní dom.

Tá tugtha faoi deara agam gur droch-chumarsáid is cúis le cuid mhór gearán a dhéantar leis an Oifig seo. Is minic gur riléir an droch-chaighdeán agus an t-easpa soiléire agus cruinnis

i ndáil leis an gcumarsáid a dhéantar le tairbhíthe. Ní mór d'iontaobhaithe, riarthóirí agus fostóirí a thuiscint nach bhfuil sa mhéid a éilítear sna rialacháin ach an rud is lú is gá agus nach móide gur ionann comhlíonadh na gcoinníollacha sin ar bhealach bunúsach agus cumarsáid den éifeacht. Táim den tuairim go bhféadfaí laghdú go mór ar líon na ngearán a mbíonn ar iontaobhaithe agus riarthóirí plé leo dá ndéanfaí cumarsáid éifeachtach. Bheadh de thoradh air freisin go gcuirfí le muinín an chomhalta agus an tomhaltóra i dtáirgí pinsin. Ní hí an cheist atá le cur ag daoine i dtionscal na bpinsean an dtuigeann siad féin ábhar a gcuid cumarsáide ach an dócha go dtuigfeadh an gnáthdhuine é.

Sa chás áirithe seo, dá mbeadh an chumarsáid anonn agus anall níos fearr, d'fhéadfaí an cheist a réiteach gan beart ar bith uaimse. Cé nach raibh na hiarratais a rinne an gearánaí leis an mbróicéir iomlán soiléir agus go raibh cuid mhór eolais á lorg aici, ní scaoileann sin an bróicéir saor ón dualgas faisnéis iomlán chruinn a chur ar fáil don ghearánaí. Tá de chuspóir leis na Rialacháin maidir le Nochtadh Faisnéise go gcinnteofaí go mbeadh teacht ag daoine ar an bhfaisnéis is gá dóibh chun cinntí lán eolais a dhéanamh mar gheall ar an bpinsean sin acu féin.

Sheas mé leis an ngearán seo agus threoraigh mé don bhróicéir an toradh infheistíochta a bhí cailte ag an ngearánaí a ríomh go cruinn agus an tsuim sin a íoc isteach ina ciste pinsin.

2. Theip ar Iontaobhaithe Scéime Pinsin Suim Aistrithe a chur i leith Shochair an Ghearánaí mar ba chóir - Easpa Eolais maidir le Dualgais faoin Reachtaíocht

Bhí an gearánaí ina chomhalta de scéim d'fhostaithe cléireachais. Tar éis teacht ar réiteach i ndáil le himeachtaí a thionscnaigh sí féin, bhí sí i dteideal bheith ina comhalta i scéim eile de chuid an fhostóra céanna. Luadh go soiléir i socrú na hArd-Chúirte gur comhaltacht ionchasach a bheadh ann ón dáta a rachadh sí isteach sa scéim agus gur ón dáta a rachadh sí isteach sa scéim a thosódh a cuid "Seirbhíse Inphinsin" taobh istigh den scéim agus gur ón dáta sin amháin a bheadh an tseirbhís ionchasach. Luadh sa socrú freisin go n-aistreadh ciste fabhráithe an ghearánaí sa chéad scéim go dtí an scéim nua sa chás go roghnódh an gearánaí dul isteach sa scéim nua, gan a lua go sonrach conas a dhéileálfá leis an gciste sa scéim nua.

Ar fhiosrú a dhéanamh don ghearánaí faoi Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise a dhéanamh, b'ábhar iontais di gur chuir an bhainistíocht in iúl di nach raibh sí ina theideal sin i ndáil lena cuid seirbhíse faoin seanscéim phinsin.

Tar éis do m’Oifigse fiosrú a dhéanamh, tháinig comhfhreagras ó ionadaithe dlí an fhostóra. Luadh sa chomhfhreagras go raibh an fostóir buartha faoin ní a tharlódh maidir le teidlíocht an ghearánaí faoin gcéad scéim agus gur mhian leis an bhfostóir deimhniú nach mbeadh aon chearta aici in aghaidh na scéime sin i ndáil leis na ranníocaíochtaí a íocaíodh isteach ann i ndáil léise agus, dá réir sin gur thug an fostóir go n-aistreofaí na cistí go dtí an scéim nua ach nach chun sochar an ghearánaí sin.

Scríobh m’Oifigse chuig na hionadaithe dlí agus luadh go raibh, faoi Chuid III d’Acht na bPinsean 1990, na sochair a bhí fabhraithe faoin Scéim Phinsin d’Oibríthe Cléireachais don ghearánaí á gcaomhnú ar a son go dtí an tráth scoir (nó báis). Ba leis an ngearánaí na sochair chaomhnaithe sin de réir ceart reachtaíochta. Ní fhéadfadh an fostóir ná iontaobhaithe cheann ar bith de na scéimeanna na sochair sin a thógáil uathí. Tháinig freagra ó ionadaithe dlí an fhostóra lenar cuireadh cóipeanna ar fáil de chomhfhreagras idir an fostóir agus an gearánaí ón am a raibh sí ag smaoineamh ar dul isteach sa scéim nua. Ba léir ón gcomhfhreagras seo gur chuir iontaobhaithe na scéime nua in iúl don ghearánaí nach mbeadh aon teideal aici i ndáil lena cuid seirbhíse roimhe sin dá roghnódh sí dul isteach sa scéim nua.

Dhírigh m’Oifigse aird ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna pinsin go ginearálta. Bhí de dhualgas ar iontaobhaithe na seanscéime faoin dlí na sochair a bhí fabhraithe ag an ngearánaí sa scéim a chaomhnú go dtí an tráth scoir aici agus níl aon fhoráil ann maidir leis an sochar sin a bhaint di. Déantar foráil in Acht na bPinsean ina dhiaidh sin féin do shochar fabhraithe a aistriú ó scéim go chéile. Bhí leas á bhaint i socrú na hArd-Chúirte as an bhforáil sin trína threorú go ndéanfaí sochar fabhraithe an ghearánaí a aistriú go dtí an scéim nua sa chás go roghnódh sí dul isteach ann.

Tar éis comhairle ghairmiúil sa bhreis a fháil maidir leis an gceist, chuir iontaobhaithe na scéime nua in iúl do m’Oifigse, trína gcuid ionadaithe dlí, go ndéanfaí ráiteas sochair leasaithe a eisiúint leis an ngearánaí ina gcuirfí sonraí ar fáil faoin sochar fabhraithe a bhí aici faoin scéim sin agus faoin sochar i ndáil leis an gciste a aistríodh ón tseanscéim.

Tá súil agam go mbeidh de thoradh ar choinníoll oiliúna sainordaithe a thabhairt isteach maidir le hiontaobhaithe nach dtarlódh earráidí den chineál seo nach bhfuil aon ghá leo níos mó.

3. An tSeirbhís Phoiblí – Teip Ardú a Thabhairt ar Aghaidh

Thosaigh an gearánaí le roinn rialtais sa bhliain 1983. Bhí tuarastal an phoist sin aigesean ag an am sin ceangailte le 80% den scála d’innealtóir roinne Grád III. I mí Lúnasa 2000,

chuaigh an gearánaí ar scor ar fhorais liachta agus tugadh pinsean dó a bhí oiriúnach i ndáil leis an tuarastal ar dhul ar scor dó agus lena chuid seirbhíse. I mí Bealtaine 2002, d'aontaigh Ard-Rúnaí na roinne lena mbaineadh an gearánaí cinneadh sealbhóirí poist ar an ngrád a bhíodh ag an ngearánaí a íoc ar scála Innealtóra Grád II arna ríomh siar go mí Eanáir 2001. Chuir an Roinn Airgeadais in iúl ina dhiaidh sin don Roinn lena mbaineadh an gearánaí go raibh an Comhaontú Buiséid Riaracháin á shárú leis an gcinneadh sin. Ina ainneoin sin, sa bhliain 2004, cheadaigh an Roinn Airgeadais sa deireadh ardú ar an tuarastal maidir leis an ngrád ina mbíodh an gearánaí ó 80% de scála an Innealtóra Grád III go dtí iomlán an scála tuarastail do Ghrád III agus aontaíodh go bhféadfaidís siúd a ndearnadh ardú gráid ina leith go dtí comhionann Innealtóra Grád II an tuarastal a choinneáil ar bhonn a bhí “pearsanta i ndáil leis an sealbhóir”. Ar an 27 Deireadh Fómhair 2003 bhí iarrtha ag an ngearánaí ar an Roinn lena mbaineadh sé a phinsean a ardú de réir an ardaithe a bhí ceadaithe dóibh siúd ag a raibh poist ag an am. Ar an 11 Lúnasa 2005, dhiúltaigh an Roinn a thabhairt go n-ardófaí an pinsean ar an mbunús gur uasghrádú ar an bpost a bhí i gceist dáiríre leis an ardú tuarastail agus sin mar gheall ar athrú ar riachtanais an phoist agus, de réir an pholasaí maidir le pinsin, ní bhíonn uasghrádú a tharlaíonn mar gheall ar athruithe i riachtanais an phoist le cur i bhfeidhm maidir leis an lucht foirne a chuaigh ar scor roimh an dáta éifeachta maidir leis an uasghrádú. Is é sin an gnáthpholasaí sa tSeirbhís Phoiblí - ní chuirtear nithe cosúil le harduithe táirgeachta ar aghaidh chuig an lucht foirne atá ar scor go hiondúil.

Chuir mé in iúl don ghearánaí nach bhféadfaí, mar gheall nach raibh sé ceadaithe ag an Roinn Airgeadais agus nach raibh sé le cur i bhfeidhm níos mó agus gur ar bhonn a bhí “pearsanta i ndáil leis an sealbhóir” acu siúd a raibh leas acu as é, an t-athghrádú go dtí uasráta an Innealtóra Grád II a chur i bhfeidhm i ndáil lena phinseansan. Ina ainneoin sin, ghlac mé orm féin imscrúdú a dhéanamh ar cheart an t-ardú ó 80% de scála an Innealtóra Grád III go dtí iomlán scála an Innealtóra Grád III a chur i bhfeidhm i ndáil le pinsean an ghearánaí.

Tharla go raibh cead na Roinne Airgeadais scála pá an ghráid a ardú go dtí comhionann scála an Innealtóra Grád II iarrtha ag an Roinn lena mbaineadh an gearánaí ar an mbunús go raibh athrú ar riachtanais an phoist. Níor aontaigh an Roinn Airgeadais leis an iarratas sin. Ina ainneoin sin, d'aontaigh an Roinn Airgeadais ardú go dtí iomlán scála an Innealtóra Grád III. Bhí an litir ceadúcháin maidir leis an gceadú sin sonrach go maith. Luadh gur *mar gheall ar chúrsaí sábháilteachta agus an gá iarrthóirí leis na cáilíochtaí cuí a mhealladh isteach sa phost* a bhí an t-ardú á thabhairt. Is é a thuigtear domsa go mbíonn an Roinn Airgeadais an-ghéarchúiseach ag cinntiú go mbíonn litreacha ceadúcháin sonraithe go mion. Ó tharla gur luadh sa litir ceadúcháin gur ar bhonn gá a bheith le hiarrthóirí leis na cáilíochtaí cuí a mhealladh agus ábhar buartha faoi chúrsaí

sábháilteachta a ceadaíodh an t-ardú agus, ó tharla nach raibh tagairt ar bith á dhéanamh d'athrú ar shonraíocht an phoist, tháinig mé ar an gcomhairle gur cheart, ó tharla nach raibh an cead maidir le hardú gráid bunaithe ar athrú i sonraíocht an phoist, an t-ardú a chur i bhfeidhm ar na pinsin lena mbaineann. Sheas mé leis an ngearán seo agus threoraigh mé don Roinn lena mbaineadh an gearánaí an t-ardú ar scála tuarastail an ghráid lena mbaineadh an gearánaí a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach ar a phinsean.

4. Comhalta ar Diúltaíodh Cead isteach i Scéim RSB dó

Seo cás eile a bhain le riarthóir scéime, an fhostóir sa chás áirithe seo, nach raibh ar an eolas faoina chuid dualgas faoin dlí – viz., an dualgas deis ranníocaíochtaí saorálacha breise (RSB) a chur ar fáil.

D'áitigh an gearánaí go ndeachaigh sé faoi chaillteanas airgeadais mar gheall gur dúradh go míchruinn leis nach bhféadfadh sé dul isteach i Scéim RSB go luath sa bhliain 2004. Chuaigh an gearánaí isteach sa Scéim RSB sa deireadh i mí na Nollag 2004, ach faoin tráth sin, bhí sé ró-mhall leas a bhaint as an bhfaoiseamh cánach a bheadh le cur i leith ranníocaíochtaí a dhéanfaí maidir leis an mbliain chánach 2003 (níor mhór na ranníocaíochtaí a íoc agus éileamh ar fhaoiseamh a chur isteach roimh an 31 Deireadh Fómhair 2004). Ba dhóigh leis an ngearánaí go raibh cailteanas airgeadais de thoradh air sin ó tharla nach bhféadfadh sé leas a bhaint as an bhfaoiseamh cánach i leith na bliana 2003.

Chun go seasfaí le gearán, ní mór a thaispeáint gur tharla cailteanas airgeadais mar gheall ar mhíriarachán. Is cinnte gur tharla míriarachán sa chás seo, ach níorbh fhéidir ina dhiaidh sin féin a dheimhniú má tharla cailteanas airgeadais go fóill. Dá bhrí sin, níor sheas mé leis an ngearán ach thug mé teoracha áirithe d'Iontaobhaithe na Scéime RSB, don fhostóir agus don ghearánaí. Threoraigh mé do na hIontaobhaithe athbhreithniú a dhéanamh sula dtéann an gearánaí ar scor lena bhfeictear an bhféadfadh an Gearánaí an ranníocaíocht is mó a cheadófaí maidir le cúrsaí cánach a bheith íoctha aige sa bhliain 2003 chomh maith leis na ranníocaíochtaí rialta, ranníocaíochtaí RSB agus ranníocaíochtaí CCSP RSB a íocaíodh iarbhrí, ón mbliain 2004 go dtí an dáta scoir. Sa chás gurb é toradh a bhíonn ar an athbhreithniú (a) gur ligeadh don ghearánaí agus (b) go ndearna an gearánaí dáiríre iomlán na ranníocaíochta uasta a cheadaítear maidir le cúrsaí cánach a íoc ar feadh na tréimhse ar fad ón mbliain 2004 go dtí an dáta scoir, agus go raibh farasbarr ranníocaíochta ar fáil i gcónaí a cheadófaí faoi rialacha na gCoimisinéirí Ioncaim, ní mór don fhostóir ciste RSB an ghearánaí a mhéadú de shuim is ionann le 22% den RSB uasta a bheadh ceadaithe i leith na bliana 2003, arna choigeartú (ardú

nó ísliú) de réir an chéatadáin de thoradh a baineadh amach dáiríre idir an dá linn ar ranníocaíochtaí na bliana 2004. Sa chás go léirítear leis an athbhreithniú go bhféadfadh an gearánaí an uasmhéid a bheith íoctha aige blianta áirithe ach nach ndearna sé sin, ba chóir aon tsuim a bheadh le híoc ag an bhFostóir de réir mar a luaitear thuas a ísliú dá réir sin. Tar éis an t-athbhreithniú a dhéanamh, ní mór do na hIontaobhaithe an gearánaí agus an fostóir a chur ar an eolas faoi thoradh an athbhreithnithe agus a chur in iúl don dá pháirtí má tá breis ranníocaíochtaí le híoc. Sa chás go mbíonn breis ranníocaíochtaí le híoc, ní foláir an tsuim iomlán a infheistiú sa Scéim RSB roimh an dáta sin féin ar a dtéann an gearánaí ar scor.

Threoraigh mé don ghearánaí comhoibriú a dhéanamh agus gach eolas a chur ar fáil do na hIontaobhaithe mar a bhí iarrtha acu i ndáil le sonraí faoi CCSP, RSB agus teacht isteach.

5. Aonaid a Asbhaint maidir le Sochair Riosca

D'áitigh an gearánaí go ndeachaigh sé faoi chailteanas airgeadais mar gheall ar asbhaint aonad óna chiste pinsin chun sochair riosca a choinneáil ar bun *tar éis* dó seirbhís an fhostóra a fhágáil.

Díríodh aird leis an ngearán seo ar cheist bhuntábhachtach maidir le scéimeanna pinsin a mbíonn Buanárachas Sláinte (BÁS) agus Tarscaoileadh Préimhe mar dhlúthchuid díobh agus tugadh sin chun aire an Árachóra ag tús an imscrúdúcháin.

Is sochair iad BÁS agus Tarscaoileadh Préimhe nach mbíonn le ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim sa chaoi chéanna a gceadaítear sochar faoiseamh cánach i leith shochair scéimeanna pinsin. Conarthaí árachais atá iontu arb iad na fostóirí na húinéirí tairbhiúla orthu. Bhí de nós seanbhunaithe, BÁS agus Tarscaoileadh Préimhe a chur isteach le scéim phinsin agus iad a dhíol mar aon phacáiste amháin. Ina ainneoin sin, ní cóir ar chor ar bith go mbeadh aonaid sa scéim phinsin á gcur ar ceal chun ciste a chur ar fáil do na sochair riosca seo, gan bheann ar chead chuige sin i dtéarmaí agus i gcoinníollacha an pholasaí. Cé gur thug an tÁrachóir atá i gceist le fios nach bhfuil aon táirge pinsin ar an margadh faoi láthair acu faoina ndéantar árachas míchumais a mhaoiniú ón gciste pinsin, is léir ón gcás seo go bhfuil cásanna seanré ann a oibríonn ar an mbunús sin i gcónaí. Mhol mé go láidir don Árachóir athbhreithniú a dhéanamh ar na polasaithe reatha a bhfuil téarmaí agus coinníollacha den chineál sin ag gabháil leo.

Is ó theip na bpáirtithe go léir cumarsáid mar ba chóir a dhéanamh maidir leis an modh inar cheart déileáil le sochair an ghearánaí ar fhágáil a chuid seirbhíse leis an gcuideachta dó go príomhdha a d'eascair cúis an ghearáin. Seasadh leis an ngearán agus threoraigh mé don árachóir an líon aonad a ndearnadh a n-asbhaint i ndáil le sochair riosca i rith na tréimhse ó mhí Deireadh Fómhair 2002 go dtí Márta 2004 a chur ar ais.

6. Oibrí Seisiúnach nár ligeadh isteach sa Scéim Phinsin

Ba é bun na cúise maidir leis an ngearán a cuireadh faoi bhráid gur diúltaíodh cead don ghearánaí, nuair a chuaigh sé i mbun oibre i mí Deireadh Fómhair 2004 mar chógaiseoir seisiúnach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ('FSS'), dul isteach sa Scéim Aoisliúntais a bhain le hábhar. Bhí an gearánaí den tuairim gur chóir a ligean isteach sa Scéim ag an am sin mar go raibh sé ag obair ar bhonn 'conradh seirbhíse' páirtaimsearta do FSS. D'eitigh FSS an argóint sin á rá go raibh sé á fhostú faoi "chonradh chun seirbhíse" (e.g. conraitheoir neamhspleách, duine aonair ag obair ar bhonn seisiúnach) de réir Chiorclán 14/2003 arna eisiúint ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus dá réir sin nach raibh sé incháilithe chun dul isteach sa scéim phinsin.

Bhí dhá cheist ar ghá dul ina mbun maidir leis an gcás seo - ar an gcéad dul síos, an cheist maidir le cáilítheacht chun dul isteach sa scéim agus, ar an dara ní, an chaoi a bpléifí leis an ngearánaí ó thaobh ranníocaíochtaí agus sochair sa chás go mbeadh sé incháilithe dul isteach sa scéim.

B'ábhar iontais dom an fhaisnéis nach raibh ag teacht le chéile a bhí curtha ar fáil ag FSS, an GFFSS agus ag an Roinn Sláinte agus Leanaí le linn an imscrúdaithe seo. Bhí tagairt sa litir chuig an ngearánaí agus sa Chiorclán do cháipéis maidir le Treoirínite i ndáil leis an Scéim Oibre Solúbtha a chur i bhfeidhm agus Socruithe Leasaithe Aoisliúntais don bhall foirne páirtaimseartha agus lánaimseartha sealadach. An GFFSS a chuir an cháipéis sin ar fáil agus bhí idirdhealú á dhéanamh sa fhreagra ar Cheist 4 i gCaibidil 2 eatarthu siúd atá ar chonradh chun seirbhíse - dá dtagraítear mar chonraitheoirí neamhspleácha - agus iad siúd atá á n-íoc go díreach ag an bhfostóir ar rátaí "seisiúnacha" a thagann faoi réir ag asbhaint ÍMAT agus ÁSPC, agus a oibríonn faoi stiúir an fhostóra. Luaitear sa cháipéis gur féidir breathnú ar na daoine sin mar dhaoine atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse. Moltar, i ndiaidh an ráitis sin, go ndéanfaí socruithe conartha an duine aonair sin a thabhairt chun rialtacha agus gur ar choinníoll go nglacann an duine sin leis an tuarastal caighdeánach agus leis na coinníollacha fostaíochta caighdeánacha don aicme/grád a bheadh cead isteach sa scéim phinsin. Is é an rud atá le rá faoi sin nár cheart, má bhreathnaítear ar na daoine seo mar dhaoine atá fostaithe ar bhonn conradh seirbhíse,

mar a bhí á thabhairt le tuiscint sa cháipéis, go mbeadh aon ghá le hathrú ar chonradh acu sula nglacfaí isteach sa scéim phinsin leo.

Luaigh FSS i litir chuid m'Oifigse nach bhféadfaí an gearánaí a mheas mar ghnáthoibrí páirtaimseartha ó tharla nach ar an ngnáthráta tuarastail - pro rata i ndáil leis na huaireanta a oibríodh - a bhí luach saothair á thabhairt do. Bhí sé á íoc de réir an ráta seisiúnach aontaithe maidir le cógaiseoirí. Bhí le tuiscint uaidh sin gur mar gheall ar an ráta pá a bhí á fháil aige nach raibh cead ag an ngearánaí dul isteach sa scéim phinsin. Ní raibh á thabhairt le tuiscint gurbh é cineál an chonartha aige a d'fhág neamh-incháilithe chun dul isteach sa scéim phinsin é - an chúis a luaigh siad an chéad uair nuair a diúltaíodh don iarratas uaidh.

Luadh i litir ón Roinn Sláinte agus Leanaí gur ar bhonn conradh chun seirbhíse a bhíonn fostaíocht sheisiúnach, nach mbíonn caidreamh idir fostóir agus fostaí i gceist agus go dtugtar luach saothair ar ráta éagsúil le fostaíocht pháirtaimseartha i ndáil le fostaíocht sheisiúnach in ionad inphinseanacht. Is furasta a dhéantar neamhaird leis sin den cheist maidir le ÁSPC a ghearradh ar an ngearánaí faoi Aicme A, seachas faoi Aicme S, mar ba chúí ina leithéid sin de chás.

Mar gheall ar na hargóintí agus an fhaisnéis a cuireadh chun cinn a bheith ag dul trasna ar a chéile, cuireadh an cheist maidir leis an gconradh fostaíochta faoi bhráid an bhrairse SCOPE sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh mar a bhí ag an am. Is é ról atá ag SCOPE sa chás seo a mheas cén aicme ÁSPC is cóir a bheith le híoc i ndáil leis an ngearánaí, agus tábhacht faoi leith ag baint leis an gcinneadh ó thaobh chineál an chonaradh fostaíochta atá ag an ngearánaí. Tar éis imscrúdú a dhéanamh chomh maith leis an gconradh fostaíochta a iniúchadh go mion, tháinig SCOPE ar an gcomhairle go raibh an gearánaí faoi smacht agus faoi stiúir nuair a bhí a chuid dualgas á ndéanamh aige, go bhféadfaí a dhífhostú, agus go raibh ar na páirtithe ar fad cloí leis na rialacháin a leagtar amach san Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973. Bhí sé i dteideal pá saoire agus pá breoiteachta agus d'oibrigh sé fiche uair a chloig in aghaidh na seachtaine ar an meán ar ráta seasta in aghaidh na huaire agus an ráta in aghaidh na huaire á shocrú ag an Roinn. Tháinig SCOPE ar an gcomhairle go raibh an gearánaí fostaíthe faoi chonradh seirbhíse. Ní dhearna páirtí ar bith a bhain leis an gcás achomharc i ndáil leis an gcinneadh sin ag comhlacht neamhspleách.

Cuireadh cinneadh SCOPE agus an bhreith tosaigh uaimse ar aghaidh go dtí FSS agus an Roinn. Luaigh FSS nach n-aontófaí go hiomlán agus go raibh rátaí breise pá á fháil ag oibríthe seisiúnacha as a gcuid oibre agus áitíodh go bhféadfaí a fheiceáil as an ráta seisiúnach níos airde go raibh gné den chúiteamh san áireamh leis sin mar gheall nach

raibh cead isteach sa scéim phinsin ná an tseirbhís sheisiúnach ináirithe. Cuireadh chun cinn dhá rogha a bheadh ag an ngearánaí, a mbainfeadh leis an gcéad cheann an stádas seisiúnach a ghéilleadh agus stádas páirtaimseartha pro rata a ghlacadh ina ionad, an pá breise a ghabh leis an stádas seisiúnach a íoc ar ais agus ranníocaíochtaí a íoc i ndáil leis an tseirbhís a bhí le háireamh. Is é a bhain leis an dara rogha, pinsean bunaithe ar an luach saothair a bhí inphinsin iarbhír a bheith aige agus gach bliain de sheirbhís pháirtaimseartha a ghlacadh mar bhliain seirbhíse chun críche pinsin - in iomláine seachas pro rata, agus bheadh comhdhlúthú i gceist chomh maith. Tá an chuma ar an dara rogha sin go dtéann sé in aghaidh a raibh á áiteamh roimhe sin nach bhféadfaí an fostaí seisiúnach a thabhairt isteach sa scéim mura gcuirfí athrú ar an gconradh fostaíochta!

Luaigh FSS, dá ligfí oibrí seisiúnach isteach sa scéim phinsin, go gcruthófaí éagothroime suntasach idir an t-oibrí sin agus comhghleacaí dá chuid a bhí ar phá níos ísle ar an ngnáthscála pá. Cé go bhféadfadh gur amhlaidh an cás níl an luach saothair a íoctar le fostaithe ar na réimsí a bhfuil feidhm agamsa ina leith. Is leis an gceist maidir leis an gcaoi a bpléitear le daoine a bheith de réir rialacha agus rialacháin scéim phinsin faoi leith agus na reachtaíochta ábhartha a bhaineann an príomhchúram agamsa. [Mar chuid d'iarracht teacht ar mhíniú éigin ar na rátaí pá seisiúnacha, rinneadh scrúdú ar na scálaí pá a bhaineann le fostaithe lánaimseartha agus tugadh faoi deara go bhfuil an ráta seisiúnach gar do lár báire ar an scála incrimintí, rud a d'fhágfadh fostaí seisiúnach fad seirbhíse ar phá i bhfad níos ísle ná comhghleacaí lánaimseartha.]

Luaigh an Roinn go mbíodh san am a caitheadh soláthar á dhéanamh leis an ráta seisiúnach i ndáil le pá breoiteachta, saoire agus pinsean ach gur baineadh an soláthar i ndáil le pá breoiteachta agus saoire as an áireamh leis an ráta. Ina dhiaidh sin féin, ainneoin míreanna éagsúla sonraí staire maidir le rátaí seisiúnacha a chur ar fáil, ní raibh ar chumas na Roinne ná FSS briseadh síos dearfa ar ráta seisiúnach an chógaiseora a chur ar fáil. Is díol iontais sin nuair a thugtar i gceist go raibh ar cheann de na hargóintí ba dheireanaí maidir le cáilitheacht a shéanadh go raibh ráta níos airde á íoc chun a thabhairt san áireamh nach post inphinsin a bhí ann. Cé go raibh claonadh ionam glacadh leis an argóint go raibh, nó go mbíodh, ualú maidir le pinsean i gceist leis an ráta seisiúnach, níor cuireadh fianaise shoiléir ar bith ar fáil ina leith sin agus, mar a luaigh mé thuas, ní ceist an ráta pá do phost ar bith a thagann faoi mo chúram.

Ba léir dom go raibh gá ag FSS speisialtóirí a fhostú ar ráta seisiúnach mar chuid den soláthar seirbhíse acu. Cruthaítear ceist ina leith sin maidir le pinsean a chur ar fáil. Ina ainneoin sin, ní féidir leis an Roinn agus FSS neamhaird a dhéanamh den dualgas faoin dlí faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 agus forálacha

na scéime pinsin. Cé gur cosúil gur cuireadh an reachtaíocht i bhfeidhm maidir leo siúd ar chonarthaí caighdeánacha agus iad siúd a fhaigheann pá de réir na scálaí pá caighdeánacha, níl pléite go leordhóthanach le héifeacht na reachtaíochta ar phinsin fhostaithe a oibríonn ar bhonn seisiúnach.

Tháinig mé ar an gcomhairle, agus Chinn mé go foirmeálta, gur fostaí páirtaimseartha a bhí sa ghearánaí a bhí ag obair ar bhonn “conradh seirbhíse” agus gur chóir dá bhrí sin go dtabharfaí cead dó dul isteach sa scéim phinsin agus gur chóir a chuid sochar agus a chuid ranníocaíochta a áireamh pro rata agus a chomhdhlúthú. Cé gur admhaigh mé gur bhain deacracht leis an gceist do FSS agus don Roinn, chuir mé stró áirithe orm féin gur mhol réiteach cothromasach freisin ar an bhfadhb a bhaineann le fostaíthe seisiúnacha atá ar rátaí éagsúla in aghaidh na huaire ag brath ar an líon uaireanta a oibrítear.

NÓTA: *Tá curtha síos mion go maith agam ar an gcás seo d’fhonn aird a tharraingt ar shampla den dígeantacht a bhíonn i roinnt eagraíochtaí de chuid na hearnála poiblí ag plé leis an ngá le hathruithe práinneacha ar ghnáis agus ar nósanna oibre. Mar a luaigh mé sa Chinneadh Deiridh uaim, shíl mé meon na Roinne agus FSS bacainneach sa chás seo. Chuir FSS in iúl don ghearánaí ar an gcéad dul síos nach bhféadfadh sé dul isteach sa scéim phinsin mar gheall gur oibrí seisiúnach a bhí ann. Rinneadh leathnú ar an argóint ina dhiaidh sin gur luadh go raibh sé ar conradh maidir le seirbhísí ina oibrí seisiúnach dó agus nach raibh sé incháilithe dá bharr sin. Ina dhiaidh sin, cuireadh in iúl dó go bhféadfadh sé bheith ina chomhalta, ach go gcaithfeadh sé aontú le hathrú ar a chuid téarmaí agus coinníollacha agus ar a ráta pá agus go gcaithfí an difríocht idir an ráta pá seisiúnach a íocaíodh leis agus an tuarastal caighdeánach a íoc ar ais. Tráth ba faide anonn arís, cuireadh in iúl dó go bhféadfadh sé dul isteach faoin scéim ar an gconradh a raibh sé air ag an am ach nach ndéanfaí áireamh pro rata ar a chuid sochar ná ar a chuid ranníocaíochtaí agus go bhféadfadh a bheith de thoradh air sin gur beag an sochar pinsin a bheadh aige ón scéim phinsin nó go bhféadfadh nach mbeadh sochar ar bith. Is ríléir gur thángthas ar chinneadh “corparáide” nach ligfí oibríthe seisiúnacha isteach sa scéim phinsin agus an tráth a mbréagnaítí foras diúltaithe amháin, luaifí ceann eile ina ionad agus ceann eile ina dhiaidh sin.*

Cé gur luaigh mé an bhacainneacht nuair a d’eisigh mé an Cinneadh Deiridh i mí Márta 2009, ba bheag sin i gcomparáid leis an bhfearg a bhraithim anois mar gheall ar an gcaoi a bhfuil FSS agus an Roinn Sláinte agus Leanaí ag caitheamh le m’Oifig reachtúil agus lena gcuid fostaíthe seisiúnacha. Tá dhá chás breise faoi mo bhráid, ar ionann iad ó thaobh gach ponc ábhartha, leis an gceann a dtugtar mionchuntas air thuas.

Ainneoin

- *an reachtaíocht d'fhonn cosaint don fhostaí a bheith i bhfeidhm le os cionn naoi mbliana;*
- *gur dúradh le himscrúdaitheoir de mo chuidse sa bhliain 2005 gurbh é tuairim an GFSS gur chóir go ligfí an gearánaí isteach faoin scéim;*
- *imscrúdú cuimsitheach de chuid m'oifigse agus de chuid an bhrairse SCOPE san Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (mar a bhí ag an am) maidir le cás den chineál céanna díreach;*
- *Cinneadh Críochnaitheach a bhfuil ceangal dlí ag gabháil leis á eisiúint agamsa agus gan aon achomharc chun na hArd-Chúirte á dhéanamh ag aon cheann de na páirtithe lenar bhain;*
- *gur chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí in iúl dom go pearsanta i mí Aibreán 2009 go mbeadh an Roinn ag treorú do FSS plé le cásanna cosúil leis an gceann seo de réir an Chinnidh Chríochnaithigh uaim;*
- *gur thairg duine de na gearánaithe athrú ó fhostaíocht sheisiúnach go dtí fostaíocht bhuan pháirtaimseartha sa bhliain 2007 ach nach raibh freagra ar bith tagtha ó FSS dhá bhliain dár gcionn;*
- *ceithre cinn d'iarratais faoi leith ar IDR a bheith déanta ag an duine céanna ón mbliain 2005 i leith gan aon toradh orthu (cé gur gá faoin reachtaíocht sin a thabhairt i gcrích taobh istigh de thrí mhí); agus*
- *a theacht ar an eolas mar gheall ar iarratas maidir le Saoráil Faisnéise a rinne an gearánaí gur luaigh FSS i mí Bealtaine 2010 gur ligeadh fostaithe a bhí ag fáil ráta seisiúnach pá isteach i scéim aoisliúntais FSS (i gcodarsnacht leis an seasamh a luaigh FSS go soiléir roimhe sin) agus go raibh ciorclán 64/2002 agus Cinneadh an tOmbudsman Pinsean mar chuid den bhunús ar ligeadh na daoine sin isteach sa scéim phinsin.*

Tá bac á chur i gcónaí roimh mo chuid iarrachtaí an dá ghearán den chineál céanna atá faoi mo bhráid a réiteach trí chomhaontú. Tá mé do mo chur ó dhoras le breis agus bliain anois leis an leithscéal go bhfuil an cheist maidir leis na fostaithe seisiúnacha ar fad á scrúdú ag Grúpa Oibre agus go mb'fhéidir go mbeadh cinneadh á dhéanamh faoi dheireadh na bliana. Nuair atá cúrsaí mar atá, níl aon rogha agam ach imscrúdú iomlán a thionscnamh ar na cásanna seo agus leas a bhaint arís as seirbhísí SCOPE, agus cén toradh a bheidh air ach Cinneadh Críochnaitheach a eisiúint is ionann leis an gceann sa chás seo.

Fiafraím díom féin conas a d'fhéadfadh comhlacht caitheamh chomh huafásach seo le fostaithe dá chuid, nuair nach bhfuil siad ach ag féachaint lena gcearta faoin dlí a bhaint amach. Tá freagra simplí ar an gceist ar ndóigh. Tá an fasach ina ábhar

buartha ag FSS, imní faoi “rabharta”, faoi impleachtaí costais agus faoin iliomad rudaí eile is dócha nach bhfuilimse ar an eolas mar gheall orthu ach nach bhféadfadh aon cheann acu a bheith níos tábhachtaí ná cearta duine faoin dlí. Ní ligeann an socrú fostaíochta seo a bheith curtha le chéile ag FSS nó ag an eagraíocht ar tháinig FSS i gcomharbacht uirthi agus ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus leanacht de dhaoine a fhostú faoin bpróiseas seo nuair a bhí an deacracht ar eolas, don eagraíocht beag is fiú a dhéanamh de chearta dhuine faoin dlí, gan trácht ar dhroim a thabhairt leis an dualgas moráltachta i ndáil lena cuid fostaithe féin. Ró-mhinic a thagaim trasna ar chásanna san earnáil phoiblí ina gcuirtear cearta dhuine faoin dlí de leataobh mar gheall ar fhasach neamh-mhianta agus/nó impleachtaí ó thaobh costais. Ar údar éigin, ní chuirtear an cheist “cad is ceart agus is cóir a dhéanamh?” nó déantar neamhaird den cheist d’aon ghnó.

Tá curtha in iúl agam do FSS freisin go bhfuil i gceist agam, ar mo chuid imscrúduithe ar an da chás reatha a thabhairt chun críche, tuarascáil mhionsonraithe de réir ama a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar úsáid acmhainní ganna an Stáit chun imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin seo.

7. Treoracha Infheistíochta nár Cuireadh i bhFeidhm

Ba é bun na cúise leis an ngearán seo nár aistríodh cistí an ghearánaí go dtí an BIAM Cash Fund i mí Deireadh Fómhair 2007 tar éis dó treoir sin a thabhairt i gcrích a eisiúint le comhairleoirí na scéime agus leis na hiontaobhaithe.

Nuair a d’eisigh an gearánaí an treoir, rinne sé sin le linn mórathrú infheistíochta sa scéim. Níor luaigh an gearánaí ná na hiontaobhaithe gur taobh amuigh den mhórathrú infheistíochta sa scéim a bhí an t-athrú go dtí an ciste airgid a bhí i gceist leis an treoir seo. Cé gur thoiligh na hiontaobhaithe leis an athrú go dtí an ciste airgid, ghlac comhairleoirí na scéime pinsin leis go raibh sin le tabhairt i gcrích mar chuid den ollathrú. Níor tharla go dtí mí Eanáir 2008, ar a thabhairt faoi deara nár aistríodh na cistí i mí na Samhna 2007 mar chuid den athrú ginearálta, go raibh tráth an athraithe ina ábhar spairne.

Tháinig mé ar an gcomhairle go raibh míriarachán i gceist le teip chomhairleoir na scéim cistí an ghearánaí a athrú go ciste airgid ag deireadh mhí na Samhna 2007 mar chuid den athrú infheistíochta ginearálta ach níor seasadh leis an ngearán faoi theip an t-aistriú a thabhairt i gcrích roimh dháta an ollathraithe.

Threoraigh mé don chomhairleoir íocaíocht a dhéanamh le ciste scoir an ghearánaí chun 1,182.1590 aonad a cheannach sa BIAM Cash Fund. B'ionann an tsuim agus an difríocht idir líon na n-aonad a bheadh ceannaithe sa BIAM Cash Fund ar an 26 Samhain 2007 dá n-aistrítí cistí an ghearánaí mar chuid den athrú infheistíochta ginearálta agus líon na n-aonad a ceannaíodh ar an 14 Eanáir 2008 nuair a rinneadh na cistí a aistriú.

8. Pinsean Easláinte a Dhiúltú – Cinneadh a Cuireadh ar ais chuig na hIontaobhaithe

D'áitigh an gearánaí go raibh sé i dteideal pinsean easláinte a fháil faoin scéim agus gur chuir an fhianaise liachta bonn faoina chás nach raibh ar a chumas leanacht ar aghaidh sa phost a bhí aige faoi láthair. Bhí diúltaithe ag na hiontaobhaithe pinsean easláinte a dheonú.

Ní thagann faoi mo chúram amhras a chaitheamh ar fhianaise liachta ná léirthuisctint a bhaint as fianaise liachta, cé gur chosúil sa chás seo go raibh an fhianaise liachta ina bhonn faoin tuairim nach mbeadh ar chumas an ghearánaí leanacht ar aghaidh lena ghnáthshlí bheatha. San Fhógra Cinnidh a d'eisigh na hiontaobhaithe ag deireadh an phróisis maidir le Réiteach Inmheánach ar Aighnis, tugadh le tuiscint go raibh aird acu ar an bhfianaise liachta ar fad agus ba é ráiteas deiridh an fhógra, “*you do not qualify for an ill-health pension*”.

Ba chosúil gur tháinig na hiontaobhaithe ar an tuairim nach raibh an choinníoll comhlíonta ag an ngearánaí a leagtar amach sa sainmhíniú ar *Éagumas* faoi rialacha na scéime, sa chaoi nach raibh an easláinte chomh géar agus go gcuirfeadh sí cosc air leanacht dá ghnáthshlí bheatha. Is léir ón líon scrúduithe liachta a d'iarr na hiontaobhaithe gur pléadh go dáiríre le hiarratas an ghearánaí ar scor easláinte agus ba léir chomh maith ar na sleachta ó chruinnithe éagsúla na nIontaobhaithe gur pléadh toradh gach tuairisc liachta agus gur socraíodh ar an mbonn sin gan an pinsean easláinte a dheonú.

Cé gur faoi chumhacht ar chosúil gur chumhacht lánroghnach ag na hiontaobhaithe í an cinneadh, ní raibh mé lánchinnte gur tuigeadh go hiomlán do na hiontaobhaithe tábhacht na Rialacha mar a bhí siad *tráth a ndearna an Gearánaí an t-iarratas*.

Thug mé chun aire go raibh leasú déanta ar an sainmhíniú ar *Éagumas* i Rialacha nua a bhí aontaithe ag na hiontaobhaithe. Bhí á éileamh faoi na Rialacha nua gur ghá, ionas go mbeadh comhalta cáilithe maidir le pinsean easláinte a fháil, na hiontaobhaithe a bheith

den tuairim gur chuir an easláinte a fúlaingíodh ina chosc ar an gcomhalta leanacht ar aghaidh lena shlí bheatha féin agus ina bhac suntasach ar a chumas saothraithe. Thug mé chun aire chomh maith go raibh á thabhairt le tuiscint i mbileog mhíniúcháin dár dáta mí na Nollag 2001 go bhféadfadh comhalta dul ar scor mar gheall ar easláinte sa chás go mbeifí as láthair go leanúnach ar feadh tréimhse 12 mí agus sa chás go raibh fianaise liachta neamhspleách ag na hIontaobhaithe gur den bhuaire an easláinte nó an míchumas agus nach bhfuil ar chumas an chomhalta tabhairt faoi fhostaíocht chúititheach. Níorbh léiriú cruinn sin ar na seanrialacha a raibh beartaithe iad a mhíniú agus, cé nárbh ionann amach agus amach iad, bhí sé ag teacht níos gaire do na forálacha sa Ghníomhas Iontaobhais nua agus sna Rialacha nua. B'ábhar buartha sin agam, ní amháin ó thaobh na cumarsáide leis na comhaltaí, ach d'fhág sé in amhras mé faoin mbonn a bhí faoi chinneadh na nIontaobhaithe maidir leis an leagan de na Rialacha a bhí mar bhonn acu leis an gcinneadh ar thángthas air.

Threoraigh mé do na hIontaobhaithe a dheimhniú leis an nGearánaí gur thángthas ar an gcinneadh gan pinsean easláinte a dheonú dó bunaithe ar an bhfianaise liachta a bhí ar fáil acu agus ar Rialacha na Scéime *faoi mar a bhí i bhfeidhm tráth an iarratais uaidhsean*. Sa chás nach mbeadh ar chumas na nIontaobhaithe deimhniú dá réir sin, threoraigh mé dóibh iarratas an Ghearánaí ar phinsean easláinte a mheas an athuair faoi Rialacha na Scéime faoi mar a bhí i bhfeidhm tráth an chéad iarratas.

9. Coigeartú ar Luach an Mhargaidh a Chur i bhFeidhm; Faillí Líomhanta; Amhras faoi Luach Blianachta

Bhí trí ghné ag baint leis an ngearán seo. D'áitigh an gearánaí

- (i) go raibh na coigeartúcháin ar luach an mhargaidh/píonóis a chuir an Comhlacht Árachais i bhfeidhm ar a chiste éagórach agus dochosanta agus gur cuireadh i bhfeidhm ar a chiste iad agus go háirithe ar an gciste a d'eascair ón íocaíocht dí-fhrithpháirtiúcháin ainneoin ráthaíocht a tugadh dó, mar a leagtar amach i litir ón gComhlacht Árachais, a raibh muinín aigesean as. Chaith an gearánaí amhras freisin ar an mbonn a bhí leis an ráthaíocht a tugadh i gcomparaid le riocht airgeadais an Chomhlachta Árachais iarbhír ó rinneadh an dí-fhrithpháirtiú;
- (ii) go raibh an Comhlacht Árachais faillíoch sa déileáil leis an íocaíocht dí-fhrithpháirtiúcháin agus go raibh caillteanas beagnach 6% de thoradh air sin mar gheall ar athrú sna rataí malairte;
- (iii) go raibh an bhlianacht iarbhír san íocaíocht a bhí seisean a fháil níos ísle ná an bhlianacht a luadh bunaithe ar na luachanna ciste agus na rataí blianachta a cuireadh ar fáil.

Sa chás áirithe seo, d'eisigh mé Réamhbhreith ar an toradh ba dhócha a bheadh ar an imscrúdú. Ba léir ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil gur chinnte gur tharla míriarachán maidir leis an gcaoi ar déileáladh le sochar an ghearánaí, go háirithe maidir leis an mbónas dí-fhrithpháirtiúcháin a íoc go mall isteach sa chiste pinsin agus an cailteanas a tháinig i gceist maidir leis an difríocht idir an ráta airgeadra an dáta a ndearna an íocaíocht agus an dáta ar cuireadh an íocaíocht i bhfeidhm ar an scéim. Ina dhiaidh sin féin, phléigh an Comhlacht Árachais leis an gceist seo tar éis don ghearánaí agus don bhróicéir/iontaobhaí an fhadhb a tharraingt anuas níos mó ná uair amháin.

Bhí an chosúlacht ar an scéal freisin gur tharla míriarachán i ndáil leis na rátaí blianachta a luadh agus a cuireadh i bhfeidhm ar an gciste pinsin. Cé gur admhaigh an Comhlacht Árachais i rith an imscrúdaithe seo gur tharla earráid sa ríomh féin ar an dá ráta blianachta, níor tháinig mé ar aon fhianaise gur chuir an comhlacht an bróicéir/iontaobhaí ná an gearánaí ar an eolas faoin earráid maidir le ráta blianachta ná faoin toradh iarmhartach dá bharr sin ar an mblianacht iomlán. Mheas mé gur doghlactha sin, nuair a chuirtear san áireamh an earráid a tharla roimhe sin maidir leis an mbónas dí-fhrithpháirtiúcháin a chur i bhfeidhm i gcás an ráta malairte.

Nuair a chuirtear san áireamh a mhinice agus a iomadúil a bhí an comhfhreagras idir an Comhlacht Árachais agus an bróicéir/iontaobhaí agus an gearánaí an t-am a ndeachaigh sé ar scor, ba cheart go mbeadh na páirtithe curtha ar an eolas faoin earráid sna rátaí blianachta sular cuireadh an bhlianacht ar bun. Ó tharla nach mar sin an cás, bhí mé den tuairim gur chóir cloí leis na rátaí blianachta a luadh ar dtús agus an gannchion idir an bhlianacht iomlán a íocaíodh ó Feabhra 2005 i leith agus an tsuim a bhí dlite bunaithe ar na rátaí blianachta a luadh ar dtús a íoc leis an ngearánaí.

Rinne an tAchtúire a d'fhostaigh an Oifig chun an cás seo a bhreithniú na ceisteanna a tharraing an gearánaí anuas maidir leis an luach a bhí leis an bpolasaí ar dhul ar scor dó, le coigeartú ar luach an mhargaidh a chur i bhfeidhm agus le pionóis a chur i bhfeidhm, agus le ceist na dí-fhrithpháirtithe féin a thabhairt faoi mheas. Is dóigh liom nár caitheadh leis an ngearánaí ar bhealach a bhí éagsúil leis an gcaoi ar caitheadh le haon chomhalta eile den scéim phinsin i ndáil leis an dí-fhrithpháirtiú. Ba í comhairle ghinearálta an Achtúire nach ndearna an Comhlacht Árachais go héagórach ná go dochosanta agus suim an tsochair a bhí iníoctha ag an am á chinneadh agus glacaim leis an gcomhairle sin.

Threoraigh mé don Chomhlacht Árachais na rátaí blianachta a luadh ar dtús i mí Lúnasa 2004 a chur i bhfeidhm ar shochair an Ghearánaí le héifeacht ó mhí Lúnasa 2004.

Mar a luadh sa réamhbhreithniú uaim, ní amháin gur bhain an cheist ghinearálta maidir leis an dí-fhrithpháirtiúchán agus an bhainistíocht ina leith agus an chaoi ar pléadh le sealbhóirí polasaithe tar éis an dí-fhrithpháirtiúcháin leis an ngearánaí amháin ach leis na sealbhóirí polasaithe eile ar fad chomh maith. Chomh fada agus a tugadh na tosca a bhain le cás an Ghearánaí faoi bhreithniú leis an imscrúdú seo, chinn mé nár tharla aon mhíriarachán. Ina ainneoin sin, ní ceist í ceist an dí-fhrithpháirtiúcháin *go ginearálta* a bhféadfaí a thabhairt faoi bhreithniú níos mó ag an Oifig seo. Is é rud é nach dtagann sin faoi scáth an dlínse a thugtar domsa. Ó tharla go raibh roinnt ceisteanna maidir leis an dí-fhrithpháirtiúchán a tarraingíodh anuas le linn an imscrúdúcháin, shocraigh mé an t-eolas a fuarthas agus na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an imscrúdúcháin a chur ar aghaidh chuig an Rialtóir Airgeadais.

10. Moill i gcás Aistrithe – Cailteanas Airgeadais

D’áitigh an gearánaí seo, ainneoin an cháipéisíocht a bheith líonta isteach aige ba ghá chun a thabhairt go ndéanfaí aistriú ó Scéim fhostóra roimhe sin (‘Scéim 1’) go dtí scéim an fhostóra reatha (‘Scéim 2’), gur thug sé faoi deara dhá bhliain dár gcionn, ar fhágáil an fhostóra reatha dó, nach ndearnadh an t-aistriú sin a chur i gcrích. Nuair a rinneadh na cistí a aistriú sa deireadh, d’áitigh an gearánaí go raibh gannchion ba mhó ná €20,000 sna cistí a aistríodh.

Anuas air sin, d’áitigh sé go raibh, ar fhágáil an dara fhostóra dó ina dhiaidh sin, toradh iarmhartach ón moill maidir leis an gceist faoin gcéad aistriú ó Scéim 1 a réiteach ar an gcumhacht ceannaigh i ndáil leis an aistriú ina dhiaidh sin ó Scéim 2 go dtí scéim an fhostóra nua aige (‘Scéim 3’).

Bhí an t-imscrúdú casta go maith sa chás seo ó tharla go raibh idirbhearta i gceist idir trí cinn de scéimeanna pinsin éagsúla ach gurb iad na comhairleoirí céanna a bhí ag cur comhairle ar fáil i ndáil le Scéim 1 agus le Scéim 2. Mar gheall ar chineál an ghearáin, na páirtithe a bhain leis agus an fhaisnéis a cuireadh ar fáil dom, d’eisigh mé Réamhbhreith i leith an cháis. Luaigh mé sa Réamhbhreith go raibh mé den tuairim gur tharla míriarachán agus gur ar na comhairleoirí a chaithfí an fhreagracht iomlán as an míriarachán sin a leagan (bhí an comhlacht comhairleoireachta céanna ag cur comhairle ar an dá scéim).

Bhí glactha leis ag na páirtithe go léir a bhain leis an ngearán seo gur tharla earráid a raibh de thoradh uirthi go raibh moill ar chistí an ghearánaí a aistriú go dtí Scéim 2.

D'áitigh iontaobhaithe Scéim 2 agus na comhairleoirí gur ar Ionntaobhaithe Scéim 1 a bhí an fhreagracht fhoriomlán maidir leis na cistí a aistriú ón scéim sin. Cé gur amhlaidh an cás ó thaobh cúrsaí teicniúla agus an dlí de, ba doghlactha agam go raibh iontaobhaithe Scéim 2 agus na comhairleoirí ag séanadh a gcuid freagrachta maidir le riarachán mar ba chóir ar shochair an ghearánaí.

Ba é argóint a chuir an comhlacht comhairleoireachta chun cinn nach raibh aon bhaint le Scéim 1 ag an gcomhairleoir a bhí freagrach as Scéim 2. Cé go mb'fhéidir gur fíor sin, ghlac an comhairleoir sin air féin (bunaithe ar an gcomhfhreagras a fuarthas) cinntiú go ndéanfaí socruithe don aistriú go Scéim 2. Ghlac an gearánaí leis an ngeallúint sin mar a tugadh - tar éis an tsoil, bhí an eagraíocht amháin ag cur comhairle faoin dá scéim. Níor cuireadh in iúl dó tráth ar bith gur cheart dó an cheist faoin aistriú a chur faoi bhráid chomhairleora eile. Ní féidir glacadh le hiarracht an gcomhairleoirí an milleán maidir lena gcuid míriaracháin a chur ar iontaobhaithe Scéim 1. Níorbh fhéidir glacadh leis ach oiread go mbeadh súil, tar éis dó a chuid teoracha a thabhairt agus na páipéir ba ghá a shíniú, go ndéanadh an gearánaí maoirseacht maidir le déanamh an aistrithe. Is é bun na cúise go raibh an dá thaobh den idirbheart aistriúcháin le déanamh ag an gcomhlacht comhairleoirí amháin, fiú más ag daoine éagsúla den fhoireann é.

Rinne mé athbhreithniú mar gheall ar na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid mar fhreagra ar an Réamhbhreith agus ar na tuairimí a cuireadh chun cinn ag cruinniú leis na comhairleoirí agus níor tháinig mé ar mhalairt tuairime.

Chuir mé buíochas in iúl as an soiléiriú agus as a shoiléire a bhí na míniúcháin a chuir na comhairleoirí ar fáil don Oifig. Ghabh na comhairleoirí leithscéal chomh maith mar gheall ar an meascán maidir leis na cáipéisí contráilte a chur ar fáil don Oifig agus mar gheall ar an easpa míniúcháin a bhain leis na suimeanna áirimh éagsúla a cuireadh ar fáil don ghearánaí.

Ní hé amháin gur bhain míriarachán le láimhseáil na gcomhairleoirí ar shochair an ghearánaí agus leis na hearráidí a tharla sa riarachán orthu sin, ach bhain míriarachán níos mó ná sin leis na hiarrachtaí - nó leis an easpa díchill - na ceisteanna sin a réiteach. Tuigim go maith go dtarlaíonn earráidí agus botúin sa riarachán agus sa bhainistíocht ar scéimeanna pinsin ainneoin dícheall mór córais a chur ar bun agus lucht saineolais a chur ina bhfeighil d'fhonn a leithéid a sheachaint. Cé nach féidir glacadh le hearráidí agus botúin den sórt sin, tarlaíonn siad agus is den ríthábhacht go ndéantar, gach uair a tharlaíonn botún agus a thugtar faoi deara é, beart coigeartaithe chun an cás a mhaolú. Ní mór go nglacfaí leis an bhfreagracht as an mbotún, go míneofaí go soiléir an chúis a bhí leis an mbotún agus go ndéanfaí iarracht dáiríre an cás a réiteach. Tá an chumarsáid an-tábhachtach i gcás den chineál seo.

Dá mbeadh míniú soiléir curtha ar fáil don ghearánaí agus iarracht dáiríre déanta ag an gcomhairleoir na nithe a bhí i gceist leis an gcás a réiteach, bheadh an gearánaí sásta agus bheadh sé i riocht cinneadh lán eolais a dhéanamh maidir leis an aistriú go dtí Scéim 3.

Ina áit sin, bhí míchruinneas ag baint leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil maidir leis an aistriú ó Scéim 1, rinneadh botún maidir le ceann amháin de na luachanna aistrithe a luadh i mí Eanáir 2003, bhain deacracht le cumarsáid a dhéanamh leis na comhairleoirí maidir leis an gcúis go raibh níos mó ama ná mar a síleadh ar dtús á chaitheamh leis an luach aistrithe a ríomh agus an litir a fuair sé ina dhiaidh sin inar leagadh amach an luach aistrithe, is é an chaoi ar chuir sin lena chuid amhrais mar gheall ar na comhairleoirí.

Ba léir, bunaithe ar an soiléiriú is deireanaí, go raibh luach a bhí cruinn ag an am i gceist leis an luach aistrithe a luaitear i litir dár dáta an 30 Bealtaine 2003. Ina ainneoin sin, ní raibh tugtha san áireamh go ndearnadh sochair an chomhalta seo a láimhseáil go dona agus gur tharla earráidí roimhe seo. Chomh maith leis sin, bhí roinnt gnéithe éagsúla ag baint le sochair an ghearánaí, blianta breise ón aistriú isteach, seirbhís iarbhír sa Chuideachta agus seirbhís bhreise a deonaíodh mar chuid den chonradh leis an bhfostóir. Níor tharla aon iarracht míniú iomlán a chur ar fáil faoin difríocht idir an luach aistrithe a bhí á lua an tráth seo agus na luachanna a luadh roimhe seo ná ar an modh ar pléadh le tráinsí éagsúla den sochar.

Ní dhearnadh aon iarracht míniú cuimsitheach a thabhairt faoin difríocht idir an luach aistrithe a bhí á lua anois agus iad sin a luadh roimhe seo ná ar an modh ar pléadh le tráinsí éagsúla sochair.

Mar gheall ar an méid earráidí a rinneadh i ndáil lena chuid sochar le linn dó bheith ina chomhalta de Scéim 2 agus mar gheall ar an easnamh maidir leis an míniúchán a cuireadh ar fáil i ndáil leis an luach aistrithe i mí Bealtaine 2003, ní raibh an gearánaí sásta an t-aistriú a chur i gcrích go mbeadh sé cinnte de chruinneas na bhfigiúirí a bhí na comhairleoirí a chur ar fáil. Ní díol iontais a ndearna sé nuair a thugtar san áireamh ar thit amach roimhe sin.

Is dóigh liom gur chaill an gearánaí airgead mar gheall ar neamhghíomh an chomhairleora agus ar an teip soiléiriú a chur ar fáil agus cumarsáid a dhéanamh leis an ngearánaí. Nuair a rinneadh a chuid sochar a aistriú ar deireadh ar Scéim 2 a fhoirceannadh, cuireadh ina dhiaidh sin leis an luach aistrithe agus níor cuireadh laghdú sócmhainneachta i bhfeidhm ar threoir ón bhFostóir. Ina dhiaidh sin féin, is lú go mór an creidmheas seirbhíse a ceannaíodh faoi Scéim 3 leis an luach aistrithe, in ainneoin ardú suntasach ar an luach, ná mar a bheadh ceannaithe dá mbeadh an gearánaí i riocht an luach aistrithe ab ísle ná sin a aistriú roimh mhí Iúil 2003.

Threoraigh mé do na comhairleoirí suim a íoc le Scéim 3 lena gceannófaí an farasbarr difríochta idir an creidmheas seirbhíse a bheadh ceannaithe leis an gcéad luach aistrithe a luadh i mí Bealtine 2003 agus an creidmheas seirbhíse a ceannaíodh dáiríre nuair a aistríodh luach níos airde ar Scéim 2 a fhoirceannadh.

11. Éileamh ag Garda ar “Phinsean Speisialta” agus ar Shochair Eile

D’áitigh an gearánaí seo gur chóir go mbeadh pinsean speisialta faoin Ordú um Pinsin an Gharda Síochána 1925 tugtha dó nuair a chuaigh sé ar pinsean sa bhliain 2004. D’áitigh an gearánaí gur bhain a chuid easláinte leis an obair agus gur chóir dá bhrí sin a rangú mar ghortú a tharla le linn comhlíonadh dualgais, rud ba dhóigh leis a d’fhágfadh go raibh sé i dteideal phinsin speisialta de réir théarmaí an Ordaithe.

Rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an cás seo a mheas an athuair nuair a cuireadh faoi bhráid na Roinne é mar chuid den imscrúdú a tionscnaíodh faoi Alt 131 in Acht na bPinsean 1990 (arna leasú). Chuir an Roinn in iúl don Oifig go ndéanfaí pinsean speisialta a thabhairt don ghearánaí. Rinneadh ríomh an athuair ar an bpinsean agus ar an aisce don ghearánaí agus íocaíodh na riaráistí ar fad a bhí dlite ón mbliain 2004. Bhí an gearánaí sásta leis an toradh a bhí ar an ngearán. Dá réir sin, mheas mé an chuid sin den ghearán réitithe.

D’áitigh an gearánaí chomh maith gur chóir líuntais maidir le huaireanta míshóisialta agus obair deireadh seachtaine a bheith íoctha i ndáil leis an tréimhse ón 20 Eanáir 2002 go dtí an 21 Feabhra 2003 le linn dó bheith as láthair mar gheall ar bhreiteacht a bhain le strus. Cuireadh in iúl don ghearánaí nár tháinig an cheist sin faoi théarmaí tagartha an tOmbudsman Pinsean. Cuireadh an cheist ar aghaidh chuig an Roinn ina dhiaidh sin féin go ndéanfaí a thabhairt faoi mheas. Ar an 5 Feabhra 2009 dheimhnigh an Roinn nach mbeadh an líuntas sin á thabhairt san áireamh agus an t-aoisliúntas a raibh an gearánaí ina theideal á ríomh. Ó tharla gur ceist maidir le cúrsaí fostaíochta idir an Garda Síochána agus an gearánaí an cheist sin, níorbh fhéidir liomsa a mheas níos mó mar chuid den imscrúdú.

12. Blianta Gairmiúla Breise

D’áitigh an gearánaí gur chóir go ndéanfaí a mheas faoi Airteagal 66 den Scéim Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) (Comhdhlúthú) 1998 maidir le blianta gairmiúla breise a dheonú dó. Bhí diúltaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta d’éileamh an ghearánaí agus

d'éileamh eile uaidh go ndeonfaí blianta breise faoi Chiorclán S6/87 arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil.

Chuaigh an gearánaí ar scor ó phost léachtóireachta in Institiúid Teicneolaíochta sa bhliain 2002 tar éis dó cáiliú le haghaidh 32.8383 bliana de sheirbhís inphinsin as 40 bliain don phinsean iomlán. D'áitigh sé gur 'oifigeach cláraithe' a bhí ann mar a éilítear faoi Airteagal 66 agus nach "múinteoir" a bhí ann mar a leagtar amach faoi Acht na nÚdarás Áitiúil (Oifigigh agus Fostaithe) 1926 [Rinneadh múinteoirí go sonracha a chur as an áireamh maidir le Blianta Gairmiúla Breise a dheonú faoin Acht sin].

Shéan an Roinn an ní a d'áitigh an gearánaí, gur le múinteoirí bunoidreachais agus dara leibhéal amháin a bhain an focal "múinteoir". D'áitigh an Roinn go gcuirtear an focal "múinteoir" in úsáid go rialta maidir le daoine atá fostaithe ina léachtóirí in Institiúidí Teicneolaíochta agus, go deimhin, go dtí le blianta beaga anuas go mba é grád an Mhúinteoir Coláiste an bunghrád earcaíochta sna hInstitiúidí.

Rinne mé an gearán a mheas i ndáil le Ciorclán S6/87 arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil agus le hAirteagal 66 an SRÁA.

Maidir le héileamh an ghearánaí faoi Chiorclán S6/87, ba chosúil go mbíodh an gearánaí i bpost a raibh céim ollscoile ar bith nó a comhionann de cháilíocht ghairmiúil riachtanach lena aghaidh agus ó tharla nach raibh i gceist leis an gcoinníoll seirbhíse ach "tréimhse nach lú ná trí bliana", ba léir go bhféadfaí na cáilíochtaí sin a bhaint amach faoin am a mbeifí 24 bliain d'aois i gcás an té a d'fhágfadh an scoil ag 18 bliana d'aois, mar ba ghnáth ag an am. Ar an mbonn sin, ba í mo bhreith nach raibh an gearánaí i dteideal blianta breise a dheonú dó faoi Chiorclán S6/87.

Maidir le hAirteagal 66 an SRÁA, thug mé faoi mheas an comhfhreagras ar fad agus na cáipéisí ar fad a cuireadh faoi bhráid mar chuid den imscrúdú seo. Cheadaigh mé freisin taifid Dháil Éireann i ndáil leis an tréimhse a raibh díospóireacht á dhéanamh ar Acht na bliana 1926 sa Teach sin. Níor chuir aon ní ansin ar an eolas mé faoi chúis go ndéanfaí 'múinteoirí' a chur as an áireamh maidir le feidhmiú an Achta.

Níorbh fholáir, ina dhiaidh sin féin, comhthéacs an Achta a thabhairt san áireamh. Bhí an ceart ag an ngearánaí nuair a luaigh sé nach mbíodh, an tráth ar ritheadh an tAcht, aon duine fostaithe ag na hÚdarás Áitiúla a bhféadfaí cur síos orthu mar mhúinteoirí, ach amháin Múinteoirí Ceardscoile, a bhíodh ag múineadh ar an dara leibhéal. Ní raibh foras mar a tháinig i gceist ina dhiaidh sin, Coláistí ardleibhéil faoi choimirce Coistí Gairmoideachais, i gceist leis an Acht.

Tugtar sainmhíniú i gCiorclán S6/87 ar na téarmaí, *Post Gairimiúil*, *Post Teicniúil* agus *Post Speisialtóra* chun críche blianta breise a dheonú faoin gCiorclán. Is léir gur post ‘gairimiúil’ post an ghearánaí faoi fhorálacha an Chiorcláin. Ní féidir dá réir sin gur post de chineál eile a bheadh ann chun críche na nAchtanna Rialtais Áitiúil.

Is dóigh liom go mba léir gur léachtóir a bhí sa ghearánaí agus nach múinteoir agus gur bhain téarmaí Airteagal 66 leis dá bhrí sin. Ina dhiaidh sin féin, faoi théarmaí Airteagal 66, is ábhar blianta breise a dheonú a thagann faoi chumhacht lánroghnach a leagtar ar an bhfostóir mar Iontaobhaí ar an scéim, agus níl de chumhacht agamsa dá réir sin cinneadh de mo chuidse a chur in áit cinneadh de chuid an fhostóra.

Ba é mo bhreith go raibh an gearánaí i dteideal iarratas a chur isteach ar bhlianta breise faoi Airteagal 66 agus gur cheart go mbreithneodh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an t-iarratas sin uaidh agus go gcuirfiú cinneadh ina leith in iúl don ghearánaí.

13. Socrú Infheistíochta nár Cuireadh i bhFeidhm

Ba é bun na cúise maidir leis an ngearán seo nach ndearnadh go pras de réir mar a d’iarr an gearánaí agus an pinsean sin aigesean a athrú go dtí ciste airgid faoi scáth na Scéime Pinsin i mí Meán Fómhair 2008 agus gur tharla, de thoradh ar an moill, cailteanas suntasach ina chiste pinsin. Tharla an gearánaí a dhéanamh iomarcach agus leachtaitheoir a cheapadh maidir leis an gcuideachta ina bhfostaítí é.

D’áitigh an gearánaí go raibh caidreamh aige leis an gComhlacht Árachais go luath i mí Meán Fómhair 2008 ag iarraidh orthu cistí a athrú go dtí cistí airgid agus gur chuir an Comhlacht Árachais in iúl dó nach bhféadfaidísean beart a dhéanamh ar údarás uaidhsean. Chuaigh sé i mbun cumarsáide ansin leis an Leachtaitheoir agus le Ceannasaí Airgeadais an fhostóra. Rinne an Comhlacht Árachais na cistí a bhí i gceist a athrú go dtí cistí airgid sa deireadh. Bhí de thoradh ar an imscrúdú, tar éis an fhoirm iarratais a thug an fostóir amach ar dtús a bhreathnú, gur tugadh d’údarás do chomhaltaí athruithe a iarraidh gan gá le húdarás na nIontaobhaithe.

Is é rud a ndírítear aird air sa chás seo gur den riachtanas go ndéanfadh na páirtithe uile a bhaineann leis an riarachán agus leis an mbainistíocht ar scéim phinsin na cáipéisí trína rialaítear an scéim phinsin a sheiceáil maidir le cearta an chomhalta faoin scéim phinsin.

Is iondúil gur cáipéisíocht chaighdeánach agus seirbhís chaighdeánach a chuireann Comhlachtaí Árachais ar fáil maidir le scéimeanna pinsin agus i gcásanna den sórt sin

is beag éagsúlachta a bhíonn idir scéimeanna maidir leis na roghanna a bhíonn ar fáil ag na comhaltaí. Ina ainneoin sin, is léir - agus is ríléir é ón gcás seo - go mbíonn difríocht agus éagsúlacht ann, agus ní ceart do Chomhlachtaí Árachais oibriú ar bhonn tuisceana faoi na roghanna atá ar fáil do chomhaltaí faoi leith go dtí go ndéantar na cáipéisí a ghabhann leis an scéim áirithe a thagann i gceist a sheiceáil - na foirmeacha iarratais ón gcéad iarraidh san áireamh.

Ar bhealach, bhí an Leachtaitheoir ag obair gan eolas mar gheall nach raibh na cáipéisí a ghabh leis an scéim ar fáil aige. Ní leagtar an fhreagracht maidir leis an scéim ar an Leachtaitheoir de dhroim an Chuideachta/Iontaobhaí a bheith faoi leachtú uaidh féin; ina ainneoin sin, ba cheart go mbeadh aird ar chineál an chiste infheistíochta ina raibh sochair an chomhalta infheistithe, go háirithe nuair a bhí curtha in iúl ag an ngearánaí go raibh infheistíocht a chuid sochar ina ábhar buartha aige agus cuid mhór luaineachta ag baint leis na margaí ag an am.

Thug mé treoir don Chomhlacht Árachais déileáil le sochair an ghearánaí mar a bheadh na cistí athraithe go dtí airgead an tráth ar iarr an gearánaí sin ar dtús.

14. An Ráta Malairte Euro/Punt agus Neamhíoc Sochar

Dúirt an gearánaí seo nuair a thosaigh sé ag obair leis an iarfhostóir go raibh sé ag oibriú i bpunt “operating in punts”. An tráth ar éirigh sé as obair íocadh a phinsean dó le eurónna agus ghearáin sé go raibh an ráta malairte mícheart. Dúirt sé gur cuireadh in iúl dó freisin gur chóir go méadódh an pinsean de réir innéacsaithe, rud nár tharla ó d’éirigh sé as. Líomhain sé nuair a chuaigh sé i dteagmháil le lucht feidhme na scéime maidir leis an ráta malairte gur dúradh leis gurbh iad féin a shocraigh an ráta. Dúirt sé go ndearna sé iarracht an cheist a réiteach ach nach bhfuair sé freagairt ar ghlaonna “they will not return my calls”.

Nuair a chuaigh mé i dteagmháil le Rúnaí na Scéime chuir sé in iúl dom gur bhain an scéim úsáid as an modh caighdeánach forordaithe chun punt a thiontú go Euro – is é sin méid na bpunt a roinnt ar 0.787564. Sin an t-aon mhodh amháin a cheadaítear chun punt Éireannacha a thiontú go eurónna. Ní raibh a fhios agam cén modh a d’úsáid an gearánaí féin chun an tiontú a dhéanamh ach níl ach modh dlíthiúil amháin lena dhéanamh agus ba bhreá liom gurbh shin an modh ar bhain lucht na scéime úsáid as.

Maidir leis an loiceadh sochair an ghearánaithe a íoc níorbh fheasach do lucht na scéime gur athraigh sé a sheoladh gan sin a chur in iúl do na hiontaobhaithe. Cuireadh críoch

le téarma fostaíochta an ghearánaithe i 1984 agus shlánaigh sé 65 bliain d'aois in 2008. An tráth sin sheol na hiontaobhaithe an chnapshuim chuige le post cláraithe go dtí an seoladh ba dheireanaí arbh eol dóibh a bheith aige. Ina theannta sin sheol siad foirm dhearbhaithe pinsin agus foirm le haghaidh íocaíocht bhainc chuige nárbh fholáir dó a gcomhlánú le go mbeadh siad in ann an íocaíocht phinsin a chur ar aghaidh. Níor comhlánaíodh na foirmeacha riamh ná níor seoladh an litir ar ais go dtí an seoltóir. I Meitheamh 2009, scríobh na hiontaobhaithe arís go dtí an seoladh céanna ag iarraidh air go seolfadh sé ar ais an fhoirm dhearbhaithe pinsin.

I ndiaidh comhrá a bhí agam le riarthóir na scéime sheol na hiontaobhaithe scríbhinní arís (dhá uair) go dtí an seoladh atá ag an ngearánaí faoi láthair agus chuir faoi iamh an dearbhú ábhartha pinsin agus na foirmeacha le haghaidh íocaíocht bhainc. D'iarr na hiontaobhaithe na foirmeacha a sheoladh ar ais láithreach agus a thúsce na foirmeacha ábhartha faighte go n-íocfaí idir phinsean agus riaráistí dó láithreach bonn. Ar an dáta a rinne mé an cinneadh ní raibh aon chumarsáid faighte acu ón ngearánaí.

Chinn mé go raibh an modh a d'úsáid lucht na scéime chun punt Éireannacha a thiontú go euronna ceart agus gurbh é an t-aon mhodh amháin a bhí ceadaithe de réir dlí. Maidir leis an gceist faoi choigeartuithe costas maireachtála ní raibh mé den tuairim go raibh aon mhéaduithe ar phá na bhfoirne ag fónamh ó dháta tosaigh phinsean an ghearánaithe agus fiú sna himthosca ab fhearr riamh gur cheist roimh am í an cheist faoi threoirnasc. D'ordaigh mé an gearánaí na foirmeacha dearbhaithe pinsin agus íocaíochta bainc a sheoladh ar ais chuig na hiontaobhaithe láithreach.

Sílim gur ceist chráiteach an chuid sin den ghearán seo a bhaineann leis an ráta malairte. Ba é an gearánaí féin a bhí ciontach as gan ar a laghad dhá athrú seoladh a chur in iúl do lucht na scéime agus ba thoradh an ghearáin a bheith tugtha chomh fada leis an Oifig agam nárbh fholáir acmhainní a bhí gann go leor a úsáid leis, i gcás inarbh é an gearánaí féin ba chúis le cuid mhaith den chur trí chéile.

15. Rialtas Áitiúil - Níor tugadh Ragobair san Áireamh agus Pinsin á Ríomh

Líomhain an gearánaí sa chás seo nár cuireadh san áireamh mar ioncam inríofa muirear glao amach a bhí sé ag fáil le linn dó a dhualgas sa roinn tithíochta d' údarás áitiúil a chomhlíonadh sa ríomh a rinneadh maidir lena phinsean aoisliúntais. Sular chuir sé gearán isteach chuig an Oifig d'iarr an gearánaí ar an bhfreagróir RAI a dhéanamh.

Rinne an gearánaí sin ach fós féin bhí sé míshásta agus ina dhiaidh sin d'iarr sé ar an Oifig imscrúdú a dhéanamh.

An fáth gur diúltaíodh don iarratas ar an gcéad dul síos ba ea go bhforáiltear sa Scéim Rialtas Áitiúil: *Ní chuimseofar i dtuarastal ná i luach saothair aon cheann dá leanas:*

íocaíochtaí ar obair speisialta de chineál fánach nó sealadach ...

Níor cuireadh an obair a rinneadh tú ar an nglao amach ar uainchlár dualgais de bhrí nárbh fhéidir í a thuar. Rinneadh obair an Ghlaio Amach an tráth a theastaigh agus dá bhrí sin ba de chineál fánach í.

“Neither salary nor emoluments shall include any of the following:

(e) payment for special work of a casual or temporary nature ...

The Call-Out which you worked was not rostered as it could not be predicted. The Call-Out was worked as and when it was required and therefore it was of a casual nature.”

De thoradh an imscrúdaithe sin agus go leor eile cosúil leis bhí sé soiléir go raibh cleachtais ‘ad hoc’ ag an leibhéal áitiúil ina gcúis leis na dálaí a bhí ann inar airigh an fhoireann go raibh an lucht bainistíochta ag caitheamh go míchothrom leo i gcomparáid le comhghleacaithe oibre eile. Sa chás sin ní foláir go raibh call leis na glaonna amach – mura raibh níorbh fhéidir coinneáil leis an gcleachtas ar feadh tréimhse mharthanach dá leithéid. Cé gur áitigh an Freagróir nach cuid de jab an duine aonair sin é na glaonna amach a bhí i gceist a fhreagairt, níor léir cé a fhreagródh an glao amach mura ndéanadh eisean é. Bheadh an Freagraí feasach faoi freisin – ó tharla go raibh íocaíochtaí á ndéanamh maidir lena leithéidí de ghlaonna amach, go bhfreagródh an Gearánaí nó duine dá chomhghleacaithe an glao amach agus níos tábhachtaí fós nach ball den fhoireann amuigh an Gearánaí.

Ba é argóint an Fhreagróra nach raibh aird tugtha d’íocaíochtaí ar obair speisialta de chineál fánach nó sealadach in áireamh aoisliúntais faoi Airteagal 26 (1) (e) den Acht. Dúirt an Freagróir freisin nach raibh an obair ghlaio amach ar uainchlár dualgais de bhrí nárbh fhéidir í a thuar agus go ndearnadh obair an ghlaio amach de réir mar bhí gá léi agus mar sin gur de chineál fánach í. Ach nach é sin an fáth go bhfuil a leithéid de rud agus liúntas ullmhachta/glaio amach ann? Is í neamhchinnteacht faoin éigeandáil an bhunbhrí le seirbhís éigeandála fuireachais. Ní féidir an anaithnid a thuar roimh ré agus is dóigh dá mb’fhéidir go seachnófaí í.

Ba shoiléir sa chás áirithe seo gur chóir don bhfreagróir foireann amuigh a chur ar fuireachas le go mbeadh siad in ann déileáil le glaonna cosúil leo sin a bhí ar an nGearánaí agus ar a gcomhghleacaithe déileáil leo ach cibé cúis a bhí leis, gur roghnaigh sé gan sin a dhéanamh. Is é an bunchiall le reachtaíocht, le rialacha agus le ciorcláin laistigh den ionad oibre an duine aonair agus an eagraíocht a chosaint. Níor chóir go mbainfí aon chiall astu a thabharfadh tacaíocht d'fhaillí laistigh den bhainistíocht fadhbanna ionchasacha a shonrú agus bearta a dhéanamh lena réiteach. Is é fáth scríofa Airteagal 26 (1) (e) a chinntiú nach bhfuil íocaíochtaí a dhéantar ó am go chéile inphinsin. Ní ann dó chun an t-éileamh go mbeadh rud is ionann agus liúntas fuireachais cuimsithe a dhéanamh neamhbhailí. Dá mba mhian leis an bhFreagróir nach mbeadh fáil ach ar fhoireann amuigh le haghaidh éigeandálaí ba chóir dó a chinntiú gurbh amhlaidh a bhí.

Sheas mé leis an ngearán agus d'ordaigh mé go n-íocfaí na riaráistí pinsin.

16. Dáileachán Sochar Báis-i-Seirbhís Sochar

Sa chás áirithe seo ghearáin beirt deirfiúr de chomhalta básaithe nach raibh siad clúdaithe i ndáileachán a shochair bháis i seirbhís.

Chuaigh deirfiúr amháin i dteagmháil le hOifig an Ombudsman Pinsean d'fhonn an gearán a léiriú agus d'fhonn an iontas a bhí uirthi nár íocadh le heastát a deirféar an sochar a bhí iníoctha faoi phlean pinsin, i ndiaidh bhás a deirféar, a chur in iúl. Míníodh di nach n-íocfaí go huathoibríoch an sochar báis le hEastát an duine básaithe ach nárbh fholáir go n-íocfaí é de réir na Rialacha a rialaigh an phlean pinsin. Níos deireanaí an lá céanna chuaigh an dlíodóir a bhí ag déanamh ionadaíocht ar na deirfiúracha i dteagmháil le hOifig an Ombudsman Pinsean ar an bhfón leis an gcás a phlé. Chuir sí in iúl go ráib cóip faighte aici den sliocht ábhartha as na Gníomhais Iontaobhais agus na Rialacha a léirigh go raibh siblíní cuimsithe i sainiú na dTairbhithe. Chuir sí in iúl nár fhág an comhalta aon uacht ach gur fhág sí litir ina riabh mianaithe “wishes” a bhain le dáileachán shochar an phlean. Cheistigh sí cinneadh an fhostóra sa chás seo iomlán na sochar a íoc le páirtí an chomhalta bhásaithe.

I ndiaidh dom imscrúdú a dhéanamh chinn mé go raibh tréaniarracht déanta ag an bhfostóir fíricí an cháis seo a dhéanamh amach agus gur chuir sé méid fíricí ábhartha san áireamh maidir leis an gcomhalta básaithe agus leis an gcaidreamh a bhí aici lena bpáirtí. Léirigh an fostóir chun sásaimh Oifig an Ombudsman Pinsean go ndearnadh imscrúdú cuí agus leormhachnamh le linn próiseas déanta an chinnidh maidir le dáileachán an tsochair bháis-i-seirbhís faoi chumhacht lánroghnach. Níl sé d'údarás ag an tOmbudsman

Pinsean cur isteach ar úsáid chumhachta lánroghnaí arna feidhmiú go cuí faoi rialacha an phlean phinsin ná a chinneadh féin a chur ina háit.

Le linn dóibh an treoir a thug an fostóir dóibh sa chás seo a chur i bhfeidhm, bhí na hIontaobhaithe ag comhlíonadh rialacha an phlean agus ag feidhmiú laistigh díobh. Níor thug na rialacha sin dóibh an chumhacht cinneadh a dhéanamh maidir le cén chaoi a ndáilfí an sochar báis-i-seirbhís, ná an chumhacht dúshlán threoir an fhostóra a thabhairt sa chás. Tá sé d'oibleagáid ar na hiontaobhaithe faoin riail sa chás seo an sochar a íoc le haon duine nó níos mó de na Tairbhíthe nó le hIontaobhaithe Pearsanta i cibé sciartha a d'ordódh an Fostóir. D'ordaigh an fostóir dóibh an sochar uile a íoc le páirtí an bhaill bhásaithe. Tar éis a dheimhniú dóibh féin gur Thairbhí é de réir shainiú an fhocail Tairbhí ghéill na hIontaobhaithe leis an treoir sin agus d'íoc an sochar iomlán leis. Níorbh fhéidir aon mhilleán a chur orthu mar gheall ar an ngníomhú sin toisc go raibh siad ag comhlíonadh rialacha an phlean le linn dóibh an treoir a thug an fostóir dóibh a cur i bhfeidhm.

17. Míriarachán Líomhanta le linn Phróisis Fhoirceannta

Ba lú an luach aistrithe a íocadh le linn próiseas foirceanta scéime ná an luach a luadh i dtosach. Fuarthas amach le linn imscrúdaithe go raibh míriarachán i gceist sa mhéid gur ríomhadh go mícheart na figiúirí a bhain leis an luach aistrithe tosaigh agus nár cuireadh faoi bhráid an ghearánaithe iad mar na meastacháin a bhí iontu i ndáiríre. Níorbh ionann na figiúirí tosaigh a luadh agus teidlíocht an chomhalta faoi na rialacha ach b'amhlaidh gur meastachán a bhí iontu den teidlíocht a d'fhéadfadh bheith aige a rinneadh an Achtúireach ag tús próiseas an fhoirceanta. Bhí sé i dteideal an luach aistrithe ag críoch an phróiseas sin ach é bheith ríofa go beacht. Ghlac an tOmbudsman Pinsean leis ós rud é go raibh an méid sin faighte aige nach raibh aon chaillteanas airgeadais.

TRÁCHT: Faigheann an Oifig seo roinnt gearán gach bliain; bíonn baill ag gearáin faoi mhífhaisnéis maidir lena dteidlíochtaí. Ar an drochuair tá srian ar an Oifig maidir leis an méid is féidir a dhámhachtain i ndail le sásamh – tá sé teoranta do chaillteanas sochar scéime “loss of scheme benefit”. Mar sin ní féidir liom sásamh a thabhairt do dhuine i ngearán mar gheall ar chliseadh teacht le meastúchán. Ar a shon sin aibhsíonn na cásanna sin gur gá le hiontaobhaithe bheith fíorchúramach maidir le soláthar faisnéise. Ba chóir meastúcháin a shonrú mar mheastacháin ar mhodh soiléir sa chaoi nach gcruthófaí aon tnúthán gan bhonn.

18. Mainneachtain Ardú Iarscoir 3% a Íoc

Sa chás seo líomhain an gearánaí míriarachán sa mhéid is gur chlis ar riarthóir na scéime ardú iarscoir de 3% a íoc, ar an ábhar gur íoc sé roimhe sin é.

Rinneadh imscrúdú agus tháinig sé chun solais nár tugadh gealltanas maidir le hardú iarscoir de 3% in aghaidh na bliana don ghearánaí i Rialacha an Phlean ná sa ráiteas um shochair fágála seirbhíse - bhí sé i gceist go mbeadh an méadú ar an dteidlíocht ag teacht leis na méaduithe in Innéacs na bPraghsanna do Thomhaltóirí. Níor seasadh leis an ngearán seo. Cinneadh áfach go raibh botún déanta ar an Riarthóir nuair a d'íoc sé 3% in aghaidh na bliana san am a bhí caite, rud ba chúis leis an ró-íocaíocht a raibh sé d'oibleagáid ar na hÍontaobhaithe a aisghabháil. D'admhaigh an Riarthóir go raibh sé faoi dhliteanas maidir leis an mbotún agus gheall sé an ró-íocaíocht a íoc ar ais leis an bplean – ar an dóigh sin bhain sé den ghearánaí an oibleagáid aon suim a chúiteamh.

19. Mífhaisnéis maidir le bheith i dTeideal Athluachála

Tháinig an gearán seo ó chomhalta scéime a raibh sochair iarchurtha aige a líomhain gur fhulaing sé buairt agus anró mar gheall ar ráitis chontrártha a rinne riarthóirí na scéime agus mar gheall ar fhachtóir iomalairte cnapsuime suarach dá gcuid agus nár chaith na hiontaobhaithe go cothrom le gach duine a d'fhág an plean go luath.

I 2005 fuair sé ráiteas ó na riarthóirí a luaigh athluacháil shochar ag ráta de 4% nó CPI, cibé acu b'ísle. Sin an t-athluacháil atá forordaithe faoi Acht na bPinsean le haghaidh lucht luathfhágála na scéime a bhfuil sochar caomhnaithe acu, i ndiaidh mí Eanáir 1993. I Meitheamh 2008 eisíodh ráiteas eile ag ceartú ráiteas na bliana 2005 ag lua ráta athluachála de 2% nó CPI. I Meitheamh 2008 fuair sé ráiteas eile a dhearbhaigh nach raibh sé i dteideal aon athluacháil.

Cuireadh imscrúdú fada i gcrích agus cinneadh nach raibh sé i dteideal aon athluacháil bunaithe ar na rialacha agus ar an reachtaíocht a bhí ábhartha i leith an dáta ar fhág sé seirbhís (1990). Is léir go raibh an comhalta míshásta maidir leis an laghdú ar luach a shochair iarchurtha de bharr an bhoilscithe, go háirithe nuair a bhí a mhalairt le creidiúint aige ónar dúradh leis. Bhí riarthóir na scéime ciontach as míriarachán de bhrí gur chuir sí faisnéis mhícheart ar fáil i 2005 don ghearánaí maidir lena shochar faoin scéime agus ina theannta sin gur thug sé faisnéis mhícheart dó arís i 2008. Ba mhíriarachán freisin an loiceadh an fhaisnéis a d'iarr sé a sholáthar don ghearánaí laistigh den teorainn ama dhá mhí atá sonraithe sna Rialachán um Fhoilsiú Faisnéise faoi Acht na bPinsean.

Cé gur féidir liom seasamh le gearán go páirteach trí chinneadh a dhéanamh faoi mhíriarachán, ní féidir liom sásamh a dhámhachtain ach amháin sa chás go ndéanann an Oifig imscrúdú agus go bhfaightear amach gur chaill comhalta an phlean pinsin airgead as siocair míriaracháin. Teidlíocht an chomhalta mar a leagtar amach í i rialacha an phlean an slat tomhais chun cailteanas airgid a luacháil. Níl sé d'údarás agam rialacha phlean pinsin a athrú ná dámhachtain a dhéanamh de bhreis ar chailliúint shochair scéime an ghearánaithe “loss of scheme benefit”. Má fhaightear amach go bhfuil a theidlíocht chuí faighte ag comhalta ní féidir liom aon dámhachtain a dhéanamh ina bhfabhar ná ní féidir liom seasamh le gearán maidir le cailteanas airgeadais, fiú más ró-mhíriarachán a bhí i gceist. Má tharlaíonn go bhfuair comhalta níos lú ná a theidlíocht de réir an phlean is féidir liom a ordú an rud a chur ina cheart agus a phinsean a thabhairt go dtí leibhéal na teidlíochta.

Sa chás áirithe seo níorbh fholáir dom a chinneadh gur dhéileáil idir Fhostóir, Iontaobhaithe agus Riarthóirí le teidlíocht an ghearánaithe faoin bplean pinsin i gcomhréir leis na rialacha agus dá réir nár fhulaing an gearánaí aon chaillteanas airgeadais. Tuigtear dó an díomá a bhí air mar gheall ar luach a chiste scoir ó tharla ar dhá ócáid go hiomlán éagsúil lena chéile gur cuireadh ar mhíthreoir é maidir leis an sochar a raibh sé ina theideal. Ní tharlóidh de dheasca sin áfach go mbeidh sé i dteideal níos mó ná mar a chuirfear ar fáil dó faoi rialacha na scéime.

20. Gearánaí a bhí Míshásta i gCónaí ainneoin Coimisiún a Aisíoc

Is trí idirghabháil a déileáladh leis an gcás seo. Dúirt an gearánaí go ndearna sé conradh pinsin roinnt blianta ó shin agus lena linn sin go ndearna sé comhaontú leis an mbróicéir go láimhseálfaí an t-idirbheart ar bhonn Coimisiún nialasach “NIL”. Fuair sé amach ina dhiaidh sin, cé go ndearnadh an t-idirbheart tosaigh i gceart, go bhfuair an bróicéir coimisiúin i rith na mblianta ina dhiaidh sin ar idir phréimheanna athnuachana agus phréimheanna breisíocha.

Chuaigh mé i dteagmháil leis an gcuideachta árachais lena mbaineann agus fuair mé amach nach raibh aon chonradh ar Choimisiún nialasach “nil Commission” á thairiscint acu ag an am agus nárbh fholáir tarscaoileadh an choimisiúin ag an mbróicéir a phróséáil de láimh. Ba léir go raibh cliste ag an gcóras in áit éigin.

Gheall siad imscrúdú a dhéanamh agus in am trátha rinne siad coigeartú ar líon na n-aonad infheistíochta a bhí coinnithe faoin bpolasaí, agus dá thoradh sin bhí comhalta

na scéime beagán níos fearr as ná mar bheadh mura n-íocfaí coimisiún. Dúirt siad áfach nárbh fhéidir coigeartuithe de lámh den chineál sin a dhéanamh san am a bhí le teacht. Chuir mé an fhaisnéis seo ar aghaidh chuig an ngearánaí agus chuir sí ar buile é. Bhí orm a chur in iúl gur shocrú príobháideach a bhí sa chomhaontú um choimisiún idir é agus an bróicéir agus go raibh a dhícheall déanta ag an árachóir maith a dhéanamh den ghealltanas. €2.84 in aghaidh na míosa a bheadh i gceist dá ndéanfaí íocaíochtaí coimisiúin athnuachana leanúnacha agus chuirfeadh sé ualach neamh-chomhréireach ar an árachóir dá mbeadh air an bogearra a athscríobh nó coigeartuithe tráthrialta a dhéanamh de lámh.

21. Cásanna maidir le Scéimeanna Pinsin Oibríthe Tógála (SPOT)

(a) CHEISTEANNA SPOT

Bhí méadú i 2009 ar an sreabhadh foisteanach de ghearáin ó fhostaithe san earnáil tógála maille se loiceadh fostóirí mír an phinsin den Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe a chlúdaigh oibríthe i dtionscal na tógála a chomhlíonadh.

Baineann an chuid is mó díobh le loiceadh maidir le fostaíthe a chuimsiú i Scéim Pinsin na nOibríthe Tógála, nó rud níos measa fós, le hasbhaint ranníocaíochtaí pinsin agus gan iad a íoc leis an scéim pinsin, ar a dtabharfaí mí-leithghabháil sa chás is fearr agus goid sa chás is measa.

Tá 609 gearán a bhaineann leis an tionscal tógála faighte ag an Oifig go dtí seo agus déileáladh le 254 acu sin faoi dheireadh 2008. As an 355 gearán a bhí fágtha déileáladh le 158 acu i 2009, rud a fhágann go bhfuil 197 gearán á dtabhairt ar aghaidh go dtí 2010.

Tá tionscal na tógála buailte go dona le trí bliana anuas agus tá an fhostaíocht san earnáil tite as a chéile. Bheifí ag súil leis go mbeadh titim mhór ar líon na ngearán ón earnáil sin ach ní hamhlaidh atá. Níl aon amhras agam ach gur ceann de na fáthanna leis sin is ea nár mhian le daoine - nó go raibh imní orthu - gearán a dhéanamh a fhad is a bhí jab fós acu. A luaithe neamhfhostaithe iad agus beag seans go bhfaigheadh siad fostaíocht in athuair ba bheag a bhí le cailliúint acu as gearán a dhéanamh.

Bhí rud le rá agam cheana faoi na deacrachtaí a bhí agam le fostóirí san earnáil seo, go háirithe i gcás cuideachtaí beaga, a rinneadh faillí i leith a gcuid fostaíthe trí gan iad a chlárú leis an scéim pinsin; nó rud níos measa fós, a bhain íocaíochtaí pinsin de thuarastail na bhfostaithe agus a choinnigh an t-airgead dóibh féin nó a bhain úsáid as

mar chaipiteal oibre “working capital”. Is éasca géilleadh don chathú sin má tá trioblóidí ar an ngnó.

Is é an deacracht atá agam go mbaineann líon mór de na gearáin chuig an Oifig le ranníocaíochtaí a bhí dlite don scéim thar thréimhse fada de bhlianta, tráth a raibh go leor de na fostóirí lena mbaineann ag déanamh airgead mór.

Faighimid gearáin fós a théann siar go ham roimh an dáta breathnaithe siar “look-back” is luaithe dá bhfuil ag an Oifig, is é sin Aibreán 1996!

Gné eile den scéal a thugann fostóirí ar aird dom is ea cur chuige mífhreagrach fostaithe nár mhian leo baint ar bith a bheith acu leis an scéim pinsin agus a dhiúltaíonn na ranníocaíochta a íoc beag beann ar chleithiúnaigh acu más ann dóibh nó ar an tsáinn ina gcuirtear an fostóir dá bharr.

Is é an fáth atá leis sin nach bhfuil an dara rogha ag fostóirí faoin gChomhaontú Fostaíochta Cláraithe ach clárú a dhéanamh agus ranníocaíochtaí a íoc leis an scéim pinsin agus dliteanas a bheith acu, abair, maidir le sochar báis sa chás go bhfaigheadh fostaí bás fiú má tá diúltaithe ag an bhfostaí aon bhaint a bheith aige leis an scéim. Ina theannta sin is minic a fhaighim gearáin ó chuideachtaí beaga a rá nach bhfuil siad in ann ranníocaíochtaí a íoc toisc go bhfuil cliste ar na cuideachtaí móra a raibh siad ina bhfochonraitheoirí dóibh nó gur dhiúltaigh siad iad a íoc.

Is rud é sin a tharraingíonn droch-cháil ar an tionscal agus ní thugann sé cothrom na féinne do na dea-fhostóirí a chomhlíonann a gcuid oibleagáidí.

(b) Sochar Báis-i-Seirbhís Neamhíochta – Níor Seasadh leis an nGearán

Sa chás seo d’oibrigh an fostaí leis an bhfostóir ar feadh 23 seachtain. Bhásaigh sé sa 23ú seachtain. Ceanglaítear i Rialacha SPOT go mbeidh duine ina chomhalta den scéim agus go mbeidh ranníocaíochta íochta go cuí aige ar feadh 26 seachtain roimh dháta a bháis. Chuir an fostóir luach 5 seachtaine breise de ranníocaíochta ar aghaidh, in ainm an ama a bhí dlite, d’fhonn sochar báis-i-seirbhíse a fháil dá neasghaolta. Ní raibh an comhalta ina bhall den scéim roimhe sin in aon thréimhse fostaíochta eile dá raibh aige. Ní raibh sé i dteideal sochair bháis-i-seirbhís faoin scéim mar gheall ar bhreis ranníocaíochta a íocadh i ndiaidh a bháis ós rud é nach raibh 26 seachtain oibre curtha isteach aige. Níor seasadh leis an ngearán.

(c) RODALKO LIMITED

Ní gnáthnós na hOifige ainm gearánaithe ná freagróra a nochtadh. Roghnaigh mé é sin a dhéanamh sa chás seo áfach.

Tuismitheoirí oibrí tógála a bhásaigh a rinne an gearán seo. Líomhain siad gur chlis ar an bhfostóir a mac a chlárú i Scéim Pinsin na nOibríthe Tógála de réir mar a cheanglaítear faoin gComhaontú Fostaíochta Cláraithe don tionscal tógála agus nach n-íocfaí anois an sochar báis-i-seirbhís de €63,500 ar chóir a bheith iníoctha faoi rialacha na scéime.

Bhí roinnt mhaith conspóide faoi cé acu de thrí chuideachta leithlacha ach idircheangailte ar bhealaí éagsúla a bhí ina bhfostóir don fhostaí a bhí básaithe. Líomhnaíodh go raibh fostóir amháin ina fhostóir ar feadh roinnt seachtainí ach dúradh go raibh ceann eile de na cuideachtaí ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta di i ndáil le híocaíocht tuarastail. Bhí a oiread de thranglam sa cheist iomlán um idirchuideachta agus bhí oiread de mheascán san fhianaise gur chinn mé ar deireadh thiar nach raibh de rogha agam ach éisteacht ó bhéal a thionscnamh chun dul go dúsraith an scéil.

Thug mé cuireadh do na páirtithe ábhartha uile freastal ar an éisteacht ó bhéal. De bhreis air sin chinn mé, maidir leis an ngearán seo dhá Cinneadh a dhéanamh, Cinneadh Fíorais maidir le cé a bhí ina fhostóir ag an gcomhalta básaithe an chéad ceann agus Cinneadh breise ansin maidir le scéal substainteach an mhíriaracháin.

Ba léir ina dhiaidh sin go raibh Rodalko Limited ina fhochuideachta ag cuideachta eile agus go raibh Eamon O’Riordan agus Tim O’Riordan ina gcomhstíúrtóirí orthu araon. Bhí stíúrtóirí an tríú cuideachta ina scairshealbhóirí i Rodalko Limited freisin ó dháta áirithe (agus bhí siad liostaithe mar fhostaithe sa chuideachta sin ar thuairisceán a chláraigh Rodalko le SPOT. Tar éis na héisteachta ó bhéal chinn mé go raibh Rodalko Limited ina fhostóir ag an gcomhalta básaithe. Bhí sé soiléir freisin go ndearna an chuideachta iarracht an comhalta básaithe a chlárú sa scéim 16 seachtaine i ndiaidh a bháis. Tar éis dom imscrúdú iomlán a dhéanamh chinn mé go raibh dliteanas ar Rodalko Limited €63,500 a íoc.

Ba é freagairt na cuideachta air sin achomharc a dhéanamh faoi san Ard-Chúirt ach ba ghairid gur léir gur sheift a bhí ansin is dóigh chun na gearánaithe a mhealladh le gabháil i socraíocht. I gcúrsa na n-idirbheartaíochtaí bhagair na habhchóidí a bhí ag gníomhú thar ceann Rodalko go gcuirfí an chuideachta faoi leachtú mura nglactaí leis an tsocraíocht a bhí á tairiscint. Ar deireadh thiar aontaíodh téarmaí idir na gearánaithe agus an freagróir faoina n-íocfaí i dtráthchodanna méid níos lú ná mar bhí dlite agus cuireadh deireadh leis an achomharc san Ard-Chúirt.

Nuair a seachadadh seic an chéad tráthchoda chun íoctha áfach níorbh fhéidir leis an mbanc é a imréiteach. Rinne na gearánaithe teagmháil leis an Oifig in athuair agus shochraigh mé fios a chur ar na Gardaí. Ní haon ionadh go ndeachaigh an freagróir i mbun mórgníomhaíochta ina dhiaidh sin agus tar éis beagán moille fuair mé fógra go raibh dréacht bainc ar luach an mhéid iomláin de €63,500 faighte ag na gearánaithe.